



2023/0363(COD)

19.12.2023

*****I**

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1092/2010, (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010 agus (AE) 2021/523 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí na seirbhísí airgeadais agus na tacaíochta infheistíochta (COM(2023)0593 – C9-0383/2023 – 2023/0363(COD))

an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Othmar Karas

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scríosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scríosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scríosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	87

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1092/2010, (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010 agus (AE) 2021/523 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí na seirbhísí airgeadais agus na tacaíochta infheistíochta (COM(2023)0593 – C9-0383/2023 – 2023/0363(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0593),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0383/2023),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint don tuairim ó Bhanc Ceannais Eorpach ...¹,
 - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta ...²,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ [IO C 0, 0.0.0000, lch. 0. / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil].

² [IO C 0, 0.0.0000, lch. 0. / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil].

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Tá sé tábhachtach, áfach, na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir atá beartaithe dóibh agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.

Leasú

(1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe **agus nochta** chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Tá sé tábhachtach, áfach, na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir atá beartaithe dóibh agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) I Rialacháin (AE) Uimh. 1092/2010⁴, (AE) Uimh. 1093/2010⁵, (AE) Uimh. 1094/2010⁶, (AE) Uimh. 1095/2010⁷ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2021/523, tá roinnt ceanglas tuairiscithe ba cheart a shimpliú, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Tomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030’⁸.

Leasú

(3) I Rialacháin (AE) Uimh. 1092/2010⁴, (AE) Uimh. 1093/2010⁵, (AE) Uimh. 1094/2010⁶, (AE) Uimh. 1095/2010⁷, **(AE) Uimh. 806/2014^{7a}, Rialachán (AE) .../...^{7b}** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, **Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013^{7c} ón gComhairle** agus Rialachán (AE) 2021/523, tá roinnt ceanglas tuairiscithe **agus nochta** ba cheart a shimpliú, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Tomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030’⁸.

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an

macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (IO L 331, 15.12.2010, lch. 1).

⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (IO L 331, 15.12.2010, lch. 1).

⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

^{7a} Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

^{7b} OP: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2021/0240(COD) (togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás

um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac - COM/2021/421 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

^{7c} Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

⁸ COM(2023)168.

⁸ COM(2023)168.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) Ceanglaítear ar institiúidí airgeadais agus ar eintitis eile atá gníomhach sna margaí airgeadais raon leathan faisnéise a thuairisciú chun cur ar chumas an Aontais agus na n-údarás náisiúnta a dhéanann maoirseacht ar an gcóras airgeadais faireachán a dhéanamh ar rioscaí, cobhsaíocht airgeadais agus sláine an mhargaidh a áirithiú, agus infheisteoirí agus tomhaltóirí seirbhísí airgeadais san Aontas a chosaint. Ba cheart do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na ceanglais tuairiscithe agus a mholadh, i gcás inarb iomchuí, ceanglais iomarcacha **nó** ceanglais atá imithe i léig a chuíchóiriú agus a bhaint. Ba cheart **dóibh** an obair sin a chomhordú trí Chomhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach. **Trí chomhroinnt agus athúsáid na faisnéise arna bailiú ag na húdaráis a éascú, agus cosaint sonraí, rúndacht ghairmiúil agus maoin**

Leasú

(4) Ceanglaítear ar institiúidí airgeadais agus ar eintitis eile atá gníomhach sna margaí airgeadais raon leathan faisnéise a thuairisciú chun cur ar chumas an Aontais agus na n-údarás náisiúnta a dhéanann maoirseacht ar an gcóras airgeadais faireachán a dhéanamh ar rioscaí, cobhsaíocht airgeadais agus sláine an mhargaidh a áirithiú, agus infheisteoirí agus tomhaltóirí seirbhísí airgeadais san Aontas a chosaint. Ba cheart do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha **agus don Údarás Eorpach um Fhrithsciúradh Airgid** athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na ceanglais tuairiscithe agus **nochtá agus** a mholadh, i gcás inarb iomchuí, ceanglais iomarcacha, ceanglais atá imithe i léig **nó ceanglais dhíréireacha sna caighdeáin theicniúla rialála agus cur chun feidhme ábhartha** a chuíchóiriú agus a bhaint. Ba cheart **do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha** an obair sin a chomhordú trí

intleachtúil á gcoimirciú, ba cheart go laghdófaí an t-ualach ar eintitis tuairiscithe agus ar údaráis trí iarrataí dúblacha a sheachaint, i gcomhréir leis an Straitéis maidir le sonraí maoirseachta i seirbhísí airgeadais an Aontais. Chomh maith leis sin, ba cheart go rannchuideoidh comhroinnt faisnéise le comhordú níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí maoirseachta agus ar chóineasú maoirseachta.

Chomhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach.

Or. en

Leasú 4

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4a) Eascraíonn cuid mhór de na ceanglais tuairiscithe agus nochta atá iomarcach, imithe i léig nó díréireach as neamhréireachtaí ingearacha idir ceanglais na mBallstát agus ceanglais an Aontais ('rórialáil'), neamhréireachtaí cothrománacha ar fud reachtaíocht earnáilsonrach agus thrasearnála, chomh maith le heaspa comhréireachta sna ceanglais féin. Dá bhrí sin, ní hamháin gur cheart do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus don Údarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán theicniúla rialála agus cur chun feidhme, ach ba cheart dóibh tuairimí a sholáthar freisin maidir leis na gnáthnósanna imeachta reachtacha leanúnacha agus na gníomhartha reachtacha atá i bhfeidhm cheana.

Or. en

Leasú 5

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4b) Trí chomhroinnt agus athúsáid na faisnéise arna bailiú ag na húdaráis atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh san earnáil airgeadais a éascú, agus cosaint sonraí, rúndacht ghairmiúil agus maoin intleachtúil á gcoimirciú, ba cheart go laghdófaí an t-ualach ar eintitis tuairiscithe agus ar údaráis trí iarrataí dúblacha a sheachaint, i gcomhréir le Straitéis an Choimisiúin maidir le sonraí maoirseachta i seirbhísí airgeadais an Aontais. Chomh maith leis sin, ba cheart go rannchuideoidh comhroinnt faisnéise le comhordú níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí maoirseachta agus ar chóineasú maoirseachta.

Or. en

Leasú 6

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4c) Chun malartú faisnéise a chothú ar fud na hearnála airgeadais ina hiomláine, ba cheart na húdaráis uile atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh san earnáil airgeadais, lena n-áirítear BERS, ÚMEnna, ÚFA, SAM, BRA, chomh maith le gach údarás inniúil, maoirseachta agus réitigh faoi seach sna Ballstáit, a áireamh i raon feidhme an Rialacháin leasaithigh seo.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) Chuige sin, *i gcás ina bhfuil dhá údarás i dteideal* faisnéis áirithe a bhailiú ó institiúidí airgeadais nó ó eintitis tuairiscithe eile, *níor cheart dóibh a bheith in ann í a bhailiú ach aon uair amháin agus ba cheart dóibh a bheith in ann í a chomhroinnt le chéile, seachas iad araon a bheith ag bailiú na faisnéise céanna, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil na húdaráis sin i dteideal an fhaisnéis a bhailiú ó eintitis tuairiscithe éagsúla nó ó údaráis tuairiscithe éagsúla.* Agus an cuspóir céanna acu, is é sin feabhas a chur ar éifeachtúlacht i mbailiú, próiseáil agus úsáid faisnéise, ba cheart d'údaráis a fheabhsaíonn faisnéis tríd an bhfaisnéis a ghlanadh nó a shaibhriú a bheith in ann faisnéis fheabhsaithe den sórt sin a chomhroinnt freisin.

Leasú

(5) Chuige sin, *ba cheart prionsabal 'tuairisciú uair amháin' a fhorfheidhmiú ar bhealach níos comhsheasmhaí san Aontas. Níor cheart do na húdaráis uile atá freagrach as maoirseacht san earnáil airgeadais* faisnéis a iarraidh ar institiúidí airgeadais nó ar eintitis tuairiscithe eile *ach amháin mura bhfuil an fhaisnéis sin tuairiscithe acu d'údaráis eile cheana féin. Má tuairiscíodh faisnéis d'údarás cheana féin, ba cheart d'údaráis eile a bheith in ann an fhaisnéis sin a iarraidh go díreach ar an údarás sin, seachas an fhaisnéis chéanna a bhailiú, lena gcuirfí deireadh le tuairisciú dúbailte, mar a thugtar air.* Agus an cuspóir céanna acu, is é sin feabhas a chur ar éifeachtúlacht i mbailiú, próiseáil agus úsáid faisnéise, ba cheart d'údaráis a fheabhsaíonn faisnéis tríd an bhfaisnéis a ghlanadh nó a shaibhriú a bheith in ann faisnéis fheabhsaithe den sórt sin a chomhroinnt freisin.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5a) *Chun go n-éascófaí rioscaí sistéamacha don chobhsaíocht airgeadais a bhrath, faireachán a dhéanamh orthu, iad a chosc agus a mhaolú, ba cheart rochtain a bheith ag BERS ar fhaisnéis ábhartha ó na ÚMEnna agus ó BCE mar réamhshocrú. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí rioscaí córasacha a bhrath ar bhealach*

níos fearr ar bhonn ex ante, seachas ex post, mar gheall ar nósanna imeachta iarratais agus comhroinnte níos déine.

Or. en

Leasú 9

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6a) Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gCoimisiún agus ag na ÚMEnna maidir le féachaint an bhféadfaí córais tuairiscithe chomhtháite a bhunú. Tá gá le córais tuairiscithe nuálacha den sórt sin chun tairbhe a bhaint as méadú na comhroinnte sonraí idir na húdaráis atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh san earnáil airgeadais. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis uile atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh san earnáil airgeadais san Aontas Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú. Ba cheart go n-áireofaí sa chóras sin foclóir um sonraí comhchoiteanna le haghaidh códú agus tuiscint ar sonraí, stór comhpháirteach lena gcumasaítear forléargas coiteann ar na sonraí a iarradh agus a fuarthas, pointe bailithe sonraí lárnach le haghaidh malartú éifeachtúil sonraí chomh maith le pointe tuairiscithe aonair chun é a chur ar a gcumas d'eintitis ceanglais tuairiscithe agus nochta atá dúbailte, imithe i léig nó iomarcach a shainaithint.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6b) Mar gheall ar bhacainní dlíthiúla i rialacháin earnála, ní féidir le húdaráis faisnéis a mhalartú in amanna. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis sin na bacainní dlíthiúla sin a thuairisciú don Choimisiún roimh thogra reachtach chun deireadh a chur leis na bacainní sin, agus cearta maoine intleachtúla, rúndacht ghairmiúil agus cosaint sonraí á n-urramú ag an am céanna.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 a (nua) Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 Airteagal 15 – míreanna 1 go 7

An téacs atá ann

Leasú

1. *Déanfaidh an BERS an fhaisnéis faoi rioscaí a sholáthar do na ÚMEanna de réir mar is gá ionas gur féidir leis na ÚMEanna a gcúraimí a chomhlíonadh.*

2. *Comhoibreoigh na ÚMEanna, an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), an Coimisiún, na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus na húdaráis staidrimh náisiúnta go dlúth leis an BERS agus soláthróidh siad an fhaisnéis uile dó atá*

1a. *In Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go mír 7:*

"1. Comhoibreoigh na ÚMEnna, an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), an Coimisiún, na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus na húdaráis staidrimh náisiúnta go dlúth leis an BERS trí chomhroinnt na faisnéise agus na hanailíse is gá chun a gcúraimí a bhaint amach.

2. *Déanfaidh BERS, ÚMEnna agus BCE a n-iarrachtaí a chomhordú chun rioscaí sistéamacha don chobhsaíocht airgeadais a bhrath, chun faireachán a dhéanamh orthu, chun iad a chosc agus a mhaolú.*

riachtanach chun go gcomhallfaidh an BERS a chúraimí i gcomhréir le gníomhartha reachtacha an Aontais.

3. Faoi réir Airteagal 36(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, féadfaidh an BERS faisnéis a iarraidh ar na ÚMEanna i bhfoirm achomair nó i bhfoirm chomhiomlán, de ghnáth, ar foirm í a fhágfaidh nach féidir institiúidí airgeadais aonair a shainaithint.

4. Sula n-iarrfaidh an BERS faisnéis i gcomhréir leis an Airteagal seo, cuirfidh sé san áireamh ar dtús an staidreamh arna tháirgeadh, arna scaipeadh agus arna fhorbairt cheana ag an gCóras Staidrimh Eorpach agus ag an CEBC.

5. Más rud é nach bhfuil an fhaisnéis a iarrtar ar fáil, nó más rud é nach gcuirtear ar fáil í ar shlí thráthúil, féadfaidh an BERS an fhaisnéis a iarraidh ar an CEBC, ar na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta nó ar na húdaráis staidrimh náisiúnta. Más rud é nach bhfuil an fhaisnéis sin fós ar fáil, féadfaidh an BERS í a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann, ach sin gan dochar do na sainchumais a thugtar, faoi seach, don Chomhairle, don Choimisiún (Eurostat), don BCE, don Eurochóras agus don CEBC i réimse an staidrimh agus an bhailithe sonraí.

6. Más rud é go n-iarrann an BERS faisnéis nach bhfuil i bhfoirm achomair ná i bhfoirm chomhiomlán, míneofar san iarraidh réasúnaithe cén fáth a meastar go bhfuil na sonraí maidir leis an institiúid airgeadais aonair faoi seach ábhartha go sistéimeach, agus riachtanach, ag féachaint

D'ainneoin forálacha eile maidir le comhroinnt faisnéise maoirseachta agus staidrimh sna míreanna leantacha den Airteagal seo agus i ngníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais, roinnfidh na ÚMEanna agus BCE an fhaisnéis ábhartha uile gan moill mhíchúí a luaithe a bheidh fáil uirthi, lena n-áirítear faisnéis mhaoirseachta agus staidrimh, mar aon le torthaí a n-anailíse ar an bhfaisnéis sin, le BERS, atá riachtanach chun a mhisean, a chuspóirí agus a chúraimí a bhaint amach.

Chun críocha an fhaisnéis sin a chomhroinnt, bainfidh ÚMEanna agus BCE úsáid as an gCóras Tuairiscithe Comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 15a, nuair a bhunófar é.

3. I gcás nach leor nó nach bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil cheana féin do BERS trí na ÚMEanna, trí BCE agus tríd an gCóras Staidrimh Eorpach ar fáil go tráthúil, iarrfaidh BERS an fhaisnéis is gá chun a shainordú ó bhainc cheannais náisiúnta, ó údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus ó údaráis staidrimh náisiúnta, a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Airteagal seo. Más rud é nach bhfuil an fhaisnéis sin fós ar fáil, féadfaidh an BERS í a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann, ach sin gan dochar do na sainchumais a thugtar, faoi seach, don Chomhairle, don Choimisiún (Eurostat), don BCE, don Eurochóras agus don CEBC i réimse an staidrimh agus an bhailithe sonraí.

4. Más rud é go n-iarrann an BERS, i gcomhréir le mír 3, faisnéis nach bhfuil i bhfoirm achomair ná i bhfoirm chomhiomlán, míneofar san iarraidh réasúnaithe cén fáth a meastar go bhfuil na sonraí maidir leis an institiúid airgeadais aonair faoi seach ábhartha go sistéimeach,

do staid an mhargaidh atá i réim.

7. Sula ndéanfar gach iarraidh ar fhaisnéis nach bhfuil i bhfoirm achomair *ná i bhfoirm achomair* nó i bhfoirm chomhiomlán, rachaidh *an BERS* i gcomhairle go cúí leis *an Údarás Maoirseachta Eorpach* ábhartha chun a áirithiú go bhfuil *cosaint mhaith* leis an iarraidh agus go bhfuil sí comhréireach. Má mheasann an *tÚdarás Maoirseachta Eorpach* ábhartha nach bhfuil údar maith leis an iarraidh agus nach bhfuil sí comhréireach, cuirfidh sé an iarraidh ar ais, gan mhoill, chuig BERS agus iarrfaidh sé údar breise. Tar éis do BERS an t-údar sin a thabhairt *don Údarás Maoirseachta Eorpach* ábhartha, déanfaidh na seolaithe ar díriodh an iarraidh chucu an fhaisnéis a iarrtar a tharchur chuig BERS, ar choinníoll go mbeidh rochtain dhlíthiúil acu ar an bhfaisnéis ábhartha.

agus riachtanach, ag féachaint do staid an mhargaidh atá i réim.

5. Sula ndéanfar gach iarraidh *i gcomhréir le mír 3* ar fhaisnéis *de chineál maoirseachta* nach bhfuil i bhfoirm achomair nó i bhfoirm chomhiomlán, rachaidh BERS i gcomhairle go cúí leis *na ÚMEnna* ábhartha chun a áirithiú go bhfuil *údar maith* leis an iarraidh agus go bhfuil sí comhréireach. Má mheasann an *ÚME* ábhartha nach bhfuil údar maith leis an iarraidh agus nach bhfuil sí comhréireach, cuirfidh sé an iarraidh ar ais, gan mhoill, chuig BERS agus iarrfaidh sé údar breise. Tar éis do BERS an t-údar sin a thabhairt *do ÚME* ábhartha, déanfaidh na seolaithe ar díriodh an iarraidh chucu an fhaisnéis a iarrtar a tharchur chuig BERS, ar choinníoll go mbeidh rochtain dhlíthiúil acu ar an bhfaisnéis ábhartha.'

Or. en

(32010R1092)

Réasúnú

Chun go n-éascófaí rioscaí sistéamacha don chobhsaíocht airgeadais a bhrath, faireachán a dhéanamh orthu, iad a chosc agus a mhaolú, ba cheart rochtain a bheith ag BERS ar fhaisnéis ábhartha ó na ÚMEnna agus ó BCE mar réamhshocrú. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfai rioscaí córasacha a bhrath ar bhealach níos fearr ex-ante, seachas ex-post mar gheall ar nósanna imeachta iarratais agus comhroinnte níos déine.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010
Airteagal 15 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

8. **Roinnfidh** BERS, ar bhonn cás ar chás nó ar bhonn rialta, faisnéis **arna fáil aige** ó údarás eile **dá dtagraítear i mír 2 nó**

Leasú

8. **Comhroinnfidh** BERS **le ceann eile de na húdaráis dá dtagraítear i mír 1, le húdarás eile is comhalta de chuid**

ó údarás eile is comhalta de chuid CEMA agus a dhualgais á gcomhlíonadh aige, arna iarraidh sin do cheann eile de na húdaráis sin, nó d'údarás inniúil eile mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (2), de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, in Airteagal 4, pointe (2), de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, nó in Airteagal 4, pointe (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, nó do na húdaráis a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰, ar choinníoll go bhfuil sé de chumhacht ag an údarás iarrthach an fhaisnéis chéanna sin a fháil ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile de bhun dhlí an Aontais.

CEMA nó leis na húdaráis eile, ar bhonn cás ar chás nó ar bhonn rialta, faisnéis a fuair sé ó údarás eile de na húdaráis sin nó ó na húdaráis eile, nuair atá an t-údarás iarrthach i dteideal an fhaisnéis sin a fháil de bhun a mhisin, a chuspóirí, a chúraimí agus a chumhachtaí nó i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais.

Chun críocha an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a chomhroinnt, bainfidh BERS úsáid as an gCóras Tuairiscithe Comhtháite Aonair dá dtagraítear in Airteagal 15a, nuair a bhunófar é.

¹⁰ OP : cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad (2021/0250(COD) (togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid – COM/2021/423 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

Or. en

Réasúnú

Níor cheart na coinníollacha maidir le malartú faisnéise a bheith róshriantach. Dá bhri sin, cuirtear sainorduithe a bhaineann le misean, cuspóirí, cúraimí agus cumhachtaí BERS isteach sa bhreis ar shainorduithe sonracha maidir le ceanglais tuairiscithe i reachtaíocht earnáilsonrach (i.e. ‘dlí ábhartha eile de chuid an Aontais’).

Leasú 13

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

8a. *Iarrfaidh BERS ar na húdaráis eile faisnéis a d'iarrfadh sé ar shlí eile ar institiúidí airgeadais nó ar údaráis inniúla eile, i gcás ina gcomhlíontar an dá cheann de na coinníollacha seo a leanas:*

(a) tá sé i dteideal an fhaisnéis sin a fháil de bhun a mhisin, a chuspóirí, a chúraimí agus a chumhachtaí nó i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais;

(b) go bhfuair ceann amháin ar a laghad de na húdaráis eile an fhaisnéis sin.

Chun a chinneadh an gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear i bpointe (b), bainfidh BERS úsáid as an gCóras Tuairiscithe Comhtháite Aonair dá dtagraítear in Airteagal 15a, nuair a bhunófar é.

Or. en

Réasúnú

Ós rud é nach bhforáiltear sa togra ón gCoimisiún do mhalartú faisnéise idir údaráis ach amháin arna iarraidh sin d'údaráis eile, ní mór na coinníollacha maidir le malartú faisnéise den sórt sin a iarraidh a shoiléiriú. Dá bhrí sin, thabharfadh pointe (b) le tuiscint go ndéanfaí an prionsabal 'tuairisciú uair amháin' a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010
Airteagal 15 – mír 8b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

8b. *Chun críocha an Airteagail seo agus Airteagal 15a, ciallaíonn 'údaráis eile' aon cheann de na húdaráis seo a leanas:*

(a) na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha;

(b) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010;

(c) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010;

(d) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010;

(e) Bunaíodh ÚFA le Rialachán (AE) ../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a};

(f) údaráis mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) ../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1b};

(g) SAM, mar a shainmhínítear i bpointe (9) d'Airteagal 2, de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(h) BRA;

(i) údaráis réitigh náisiúnta, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 3, de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014.

^{1a} OP: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2021/0240(COD) (togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac - COM/2021/421 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

^{1b} OP: cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad 2021/0250(COD) (togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid – COM/2021/423 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

Réasúnú

Ní áirítear i raon feidhme an Rialacháin Leasaithigh seo ach BERS, ÚMEnna agus na húdaráis inniúla faoi seach sna Ballstáit sa togra ón gCoimisiún Eorpach. Chun malartú faisnéise a chothú ar fud na hearnála airgeadais ina hiomláine, is gá raon feidhme an Rialacháin Leasaithigh seo a leathnú chun údaráis um sciúradh airgid a chomhrac, údaráis réitigh agus feidhmeanna maoirseachta na mbanc ceannais a áireamh freisin.

Leasú 15**Togra le haghaidh rialacháin****Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010

Airteagal 15 – mír 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

10. Beidh feidhm ag **míreanna 8 agus 9** freisin maidir le faisnéis arna fáil ag BERS ó údarás eile dá dtagraítear i **mír 8** agus a mbeidh seiceálacha cáilíochta déanta ag BERS uirthi ina dhiaidh sin nó a phróiseálfaidh BERS ar shlí eile.

Leasú

10. Beidh feidhm ag **míreanna 8, 8a agus 9** freisin maidir le faisnéis arna fáil ag BERS ó údarás eile dá dtagraítear i **mír 8** agus a mbeidh seiceálacha cáilíochta déanta ag BERS uirthi ina dhiaidh sin nó a phróiseálfaidh BERS ar shlí eile.

Réasúnú

Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás.

Leasú 16**Togra le haghaidh rialacháin****Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010

Airteagal 15 – mír 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

11. Maidir le comhroinnt faisnéise dá dtagraítear i **míreanna 8, 9 agus 10, féadfaidh** na húdaráis **dá dtagraítear i mír 8** meabhráin tuisceana **a dhéanamh** chun

Leasú

11. Maidir le comhroinnt faisnéise dá dtagraítear i **míreanna 8, 8a, 9 agus 10, déanfaidh** na húdaráis **eile** meabhráin tuisceana chun módúlachtaí an

módúlachtaí an mhalartaithe faisnéise a shonrú. **Féadfaidh** siad socruithe a shonrú freisin maidir le comhroinnt acmhainní chun sonraí comhroinnte den sórt sin a bhailiú agus a phróiseáil.

mhalartaithe faisnéise a shonrú. **Déanfaidh** siad socruithe a shonrú freisin maidir le comhroinnt acmhainní chun sonraí comhroinnte den sórt sin a bhailiú agus a phróiseáil.

Or. en

Réasúnú

Beidh úsáid na MTanna rithábhachtach chun próiseas rianúil a áirithiú agus faisnéis á malartú. Dá bhrí sin, ba cheart do gach údarás MT a dhéanamh. Déantar an tagairt d'údarais eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás. Déantar an tagairt do mhíreanna eile a oiriúnú chun í a ailíniú leis na forálacha nua dá bhforáiltear.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010
Airteagal 15 – mír 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

12. Beidh míreanna 8, **9 agus** 10 gan dochar do chosaint ceart maoine intleachtúla agus ní chuirfidh siad cosc ná srian ar mhalartú faisnéise idir na húdaráis **dá dtagraítear i mír 8** i gcomhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais. I gcás ina bhfuil **mír 8, 9 nó** 10 ar neamhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena rialaítear malartú faisnéise idir na húdaráis **dá dtagraítear i mír 8**, beidh forlámhas ag na forálacha sa reachtaíocht eile sin.

Leasú

12. Beidh míreanna 8 **go** 10 gan dochar do chosaint ceart maoine intleachtúla agus ní chuirfidh siad cosc ná srian ar mhalartú faisnéise idir na húdaráis **eile** i gcomhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais. I gcás ina bhfuil **míreanna 8 go** 10 ar neamhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena rialaítear malartú faisnéise idir na húdaráis **eile**, beidh forlámhas ag na forálacha sa reachtaíocht eile sin.

Or. en

Réasúnú

Déantar an tagairt d'údarais eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010
Airteagal 15 – mír 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

13. Gan dochar d'oibleagáidí eile a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le **comhroinnt faisnéise, déanfaidh BERS**, ar iarraidh a bhfuil údar maith léi agus ar bhonn cás ar chás, faisnéis a **chomhroinnt leis an gCoimisiún nó le ceann de na húdaráis dá dtagraítear i mír 8 ar faisnéis í** a bheidh tuairiscithe ag údaráis eile dó de bhun a n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais. **Tarchuirfidh BERS an fhaisnéis sin** i bhfoirm nach **féidir** eintitis aonair a shainnithint léi agus nach bhfuil sonraí pearsanta inti.

Leasú

13. Gan dochar d'oibleagáidí eile a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le **faisnéis a roinnt, féadfaidh BERS**, ar iarraidh a bhfuil údar maith léi agus ar bhonn cás ar chás, faisnéis a bheidh tuairiscithe ag údaráis eile dó de bhun a n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais **a chomhroinnt leis an gCoimisiún**, i bhfoirm nach **bhféadfar** eintitis aonair a shainnithint léi agus nach bhfuil sonraí pearsanta inti.

Or. en

Réasúnú

Níl an fhoráil maidir le malartú faisnéise i mír 13 comhsheasmhach leis na forálacha maidir le malartú faisnéise i mír 8. Déileáiltear leis na coinniollacha don mhalartú faisnéise idir údaráis i mír 8. Déileáiltear leis na coinniollacha don mhalartú faisnéise leis an gCoimisiún i mír 13 agus déantar iad a oiriúnú chun méid áirithe neamhspleáchais a áirithiú sa chinneadh faisnéis den sórt sin a mhalartú.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010
Airteagal 15 – mír 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

14a. Tuairisceoidh BERS, faoin 31 Nollaig 2024, don Choimisiún gach bacainn dhlíthiúil i rialacháin eárnála a chuireann cosc ar BERS ar bhealach ar bith faisnéis a mhalartú leis na húdaráis

eile nó le heintitis eile.

Ar bhonn na tuarascála sin agus aird chuí á tabhairt aige ar chosaint ceart maoine intleachtúla, ar na hoibleagáidí maidir le rúndacht ghairmiúil agus ar chosaint sonraí, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun bacainní dlí den sórt sin a bhaint sa reachtaíocht earnálach chun malartú faisnéise idir údaráis agus eintitis eile a chothú faoin 30 Meitheamh 2025.

Or. en

Réasúnú

Mar a luaigh bainistíocht BERS agus ÚMEnna, tá go leor bacainní dlíthiúla fós ann i rialacháin earnála a fhágann nach féidir faisnéis a mhalartú. Dá bhri sin, ba cheart na bacainní sin a thuairisciú don Choimisiún chun deireadh a chur leo agus cearta maoine intleachtúla, rúndacht ghairmiúil agus cosaint sonraí á n-urramú ag an am céanna.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010
Airteagal 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 15a

Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú

1. Faoin 31 Nollaig 2026, déanfaidh BERS, i gcomhar leis na húdaráis eile, Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú lena n-áireofar:

(a) foclóir um shonraí comhchoiteanna;

(b) stór comhpháirteach le haghaidh ceanglas tuairiscithe agus nochtá;

*(c) pointe lárnach bailithe sonraí; agus
(d) pointe tuairiscithe aonair d'eintitis
chun ceanglais tuairiscithe nó nochta
dhúbailte, atá iomarcach nó imithe i léig,
a shainaitheint.*

*I ndlúthchomhar leis an gCoimisiún,
beidh meastachán ar an tionchar
airgeadais foriomlán ag gabháil le bunú
an Chórais Tuairiscithe Chomhtháite
Aonair. Cuirfidh an Coimisiún, i gcás
inarb iomchuí, togra reachtach faoi
bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na
Comhairle chun na hacmhainní
airgeadais, daonna agus TF is gá a
áirithiú don bhunú.*

*(Obair leanúnach atá le breithniú:
Tuarascáil COM maidir le 'Foclóirí a
chur chun feidhme trí mheaisínfhoghlaim
chuidithe', ÚBE 'Staidéar ar Chostas
Comhlíonta' nó ÚBE 'Feasibility Study
on an integrated reporting system'
[Staidéar féidearthachta maidir le córas
tuairiscithe comhtháite].)*

Or. en

Réasúnú

*Ag tógáil ar an obair a rinne an Coimisiún agus na húdaráis maidir le córais tuairiscithe
chomhtháite, ba cheart sainordú a thabhairt do na húdaráis chun Córas Tuairiscithe
Comhtháite Aonair a bhunú. Ba cheart a áireamh leis sin foclóir sonraí le haghaidh códú
coiteann agus comhthuisctint ar shonraí, stór comhpháirteach lena gcumasaítear forléargas
coiteann ar na sonraí a iarradh agus a fuarthas, pointe bailithe sonraí lárnachle haghaidh
malartú éifeachtúil sonraí chomh maith le pointe tuairiscithe aonair chun é a chur ar a
gcumas d'eintitis tuairisciú agus nochtheadh atá dúbailte, imithe i léig nó iomarcach a
shainaitheint. Ní mór na himpleachtaí airgeadais a chur san áireamh.*

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe -1 (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 16a – mír 1 – fomhír 2

Leasú

-1. Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 16a(1):

‘Ní bheidh tuairimí an Údaráis teoranta do nósanna imeachta reachtacha leanúnacha. Féadfaidh an tÚdarás freisin leasuithe ar ghníomhartha reachtacha atá i bhfeidhm a mholadh ina thuairimí, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear leasuithe:

(a) deireadh a chur le ceanglais tuairiscithe agus nochta atá iomarcach nó imithe i léig i ndáil le dlí an Aontais nó le trasuí náisiúnta dhlí an Aontais ag na Ballstáit;

(b) ceanglais chomhsheasmhacha tuairiscithe agus nochta a áirithiú ar fud reachtaíocht earnáilsonrach, chomh maith le reachtaíocht trasearnála;

(c) maidir le leordhóthanacht mhéid na comhréireachta sna ceanglais tuairiscithe agus nochta i ndáil le cineál, méid agus castacht an eintitis tuairiscithe. ”

Or. en

(32010R1093)

Réasúnú

Chun laghdú ar cheanglais tuairiscithe agus nochta iomarcacha nó ceanglais tuairiscithe agus nochta atá imithe i léig a chothú, ba cheart don Údarás tuairimí a sholáthar ní hamháin maidir leis na nósanna imeachta reachtacha atá ar siúl faoi láthair, ach freisin maidir leis na nósanna imeachta reachtacha a tugadh chun críche. D’fhéadfadh na tuairimí sin ionchur a sholáthar maidir le laghdú féideartha neamhréireachtaí ingearacha sna ceanglais tuairiscithe agus nochta (‘rórialáil’), maidir le neamhréireachtaí cothrománacha ar fud reachtaíocht earnáilsonrach chomh maith le reachtaíocht trasearnála, chomh maith le leordhóthanacht mhéid na comhréireachta.

Leasú 22

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúla ábhartha rialála agus cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún, agus ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte agus na moltaí arna n-eisiúint ag an Údarás, agus leasuithe a mholadh i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear leasuithe chun ceanglais tuairiscithe atá iomarcach nó atá imithe i léig a bhaint agus chun costais a íoslaghdú;

Leasú

(d) athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúla ábhartha rialála agus cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún, agus ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte agus na moltaí arna n-eisiúint ag an Údarás, agus leasuithe a mholadh i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear leasuithe chun ceanglais tuairiscithe **agus nochta atá díréireach**, iomarcach nó atá imithe i léig a bhaint agus chun costais a íoslaghdú;

Or. en

Réasúnú

Ba cheart cultúr maoirseachta comhchoiteann an Údaráis a leathnú chun go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar cheanglais tuairiscithe agus nochta atá neamhréireach, iomarcach nó imithe i léig agus costais a íoslaghdú.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 30 – mír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(e) éifeachtacht na gceanglas tuairiscithe náisiúnta agus méid an chóineasaithe idir na ceanglais sin agus na ceanglais a leagtar amach i ndlí an Aontais.;

Leasú

(e) éifeachtacht na gceanglas tuairiscithe **agus nochta** náisiúnta agus méid an chóineasaithe idir na ceanglais sin agus na ceanglais a leagtar amach i ndlí an Aontais.

Or. en

Réasúnú

Tá sé rithábhachtach cóineasú na gceanglas tuairiscithe agus nochta a chomhtháthú sna hathbhreithnithe piaraí leis na húdaráis inniúla chun ró-thuairisciú agus nochtadh a laghdú i ndáil le ‘rórialáil’ ar leibhéal na mBallstát.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3

Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010

Airteagal 35 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Sula n-iarrfaidh an tÚdarás faisnéis i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus chun dúbailt ar na hoibleagáidí tuairiscithe a sheachaint, cuirfidh sé san áireamh faisnéis arna bailiú ag **údaráis** eile dá dtagraítear in **Airteagal 35a(1)** agus aon staidreamh ábhartha atá ann cheana féin, arna ullmhú agus arna scaipeadh ag an gCóras Eorpach um Staidreamh agus ag an gCóras Eorpach Banc Ceannais.;

Leasú

4. Sula n-iarrfaidh an tÚdarás faisnéis i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus chun dúbailt ar na hoibleagáidí tuairiscithe **agus nochta** a sheachaint, cuirfidh sé san áireamh faisnéis arna bailiú ag **na húdaráis** eile dá dtagraítear in **Airteagal 35a(1b)** agus aon staidreamh ábhartha atá ann cheana féin, arna ullmhú agus arna scaipeadh ag an gCóras Eorpach um Staidreamh agus ag an gCóras Eorpach Banc Ceannais.

Or. en

Réasúnú

Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4

Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010

Airteagal 35a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Comhroinnfidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla **le** húdaráis eile, ar bhonn cás ar chás nó ar bhonn rialta, faisnéis arna fáil acu ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile **agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, arna iarraidh sin do na húdaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile, do BERS nó d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (2),**

Leasú

1. Comhroinnfidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla **leis na** húdaráis eile, ar bhonn cás ar chás nó ar bhonn rialta, faisnéis arna fáil acu ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile, **nuair atá** an t-údarás **iarrthach i dteideal** an fhaisnéis **sin a fháil**, de bhun **a mhisin, a chuspóirí, a chúraimí agus a chumhachtaí nó i**

den Rialachán seo, in Airteagal 4, pointe (2), de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 nó in Airteagal 4, pointe (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, nó do na húdaráis a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, ar choinníoll go bhfuil an t-údarás a iarrann an fhaisnéis i dteideal, de bhun dhlí an Aontais, an fhaisnéis i sin a fháil ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘institiúid airgeadais’ ‘institiúid airgeadais’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais.

Chun críocha an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a chomhroinnt, úsáidfidh an tÚdarás nó an t-údarás inniúil an Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair dá dtagraítear in Airteagal 35b, nuair a bhunófar é.

¹¹ OP: cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad 2021/0250(COD) (togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid – COM/2021/423 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

Or. en

Réasúnú

Níor cheart na coinníollacha maidir le malartú faisnéise a bheith róshriantach. Dá bhrí sin, cuirtear isteach sainorduithe a bhaineann le misean, cuspóirí, cúraimí agus cumhachtaí an Údaráis agus na n-údarás inniúil chomh maith le sainorduithe sonracha maidir le ceanglais tuairiscithe i reachtaíocht earnáil-shonrach (i.e. ‘dlí ábhartha eile de chuid an Aontais’).

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 35a – mír 1 a (nua)

1a. Beidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla araon in ann faisnéis a iarraidh ar na húdaráis eile a d'iarrfaidís ar shlí eile ar institiúidí airgeadais nó ar údaráis inniúla eile i gcás ina gcomhlíontar an dá cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá siad i dteideal an fhaisnéis sin a fháil de bhun a misin, a gcuspóirí, a gcúraimí agus a gcumhachtaí nó i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais;

(b) go bhfuair ceann amháin ar a laghad de na húdaráis eile an fhaisnéis sin.

Chun a chinneadh an gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear i bpointe (b), bainfidh an tÚdarás nó na húdaráis inniúla úsáid as an gCóras Tuairiscithe Comhtháite Aonair dá dtagraítear in Airteagal 35b, nuair a bhunófar é.

Or. en

Réasúinú

Ós rud é nach bhforáiltear sa togra ón gCoimisiún do mhalartú faisnéise idir údaráis ach amháin arna iarraidh sin d'údaráis eile, ní mór na coinníollacha maidir le malartú faisnéise den sórt sin a iarraidh a shoiléiriú. Dá bhrí sin, thabharfadh pointe (b) le tuiscint go ndéanfaí an prionsabal 'tuairisciú uair amháin' a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach.

Leasú 27

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 35a – mír 1b (nua)**

1b. Chun críocha an Airteagail seo, Airteagal 35b agus Airteagal 70(3), ciallaíonn 'údaráis eile' aon cheann de na húdaráis seo a leanas:

(a) Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile;

(b) BERS;

(c) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 4 den Rialachán seo;

(d) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010;

(e) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010;

(f) Bunáíodh ÚFA le Rialachán (AE) ../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a};

(g) údaráis mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) ../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1b};

(h) SAM, mar a shainmhínítear i bpointe (9) d’Airteagal 2, de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(i) BRA;

(j) údaráis réitigh náisiúnta, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 3, de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘institiúid airgeadais’ ‘institiúid airgeadais’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

^{1a} OP: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2021/0240(COD) (togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac - COM/2021/421 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

^{1b} OP: cuir isteach sa téacs uimhir na

*Treorach atá i ndoiciméad
2021/0250(COD) (togra le haghaidh an
6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid
– COM/2021/423 final) agus cuir isteach
uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na
Treorach sin san fhonóta.*

Or. en

Réasúnú

Ní áirítear i raon feidhme an Rialacháin Leasaithe seo ach BERS, ÚMEnna chomh maith leis na húdaráis inniúla faoi seach sna Ballstáit sa togra ón gCoimisiún. Chun malartú faisnéise a chothú ar fud na hearnála airgeadais ina hiomláine, is gá raon feidhme an Rialacháin Leasaithe seo a leathnú chun údaráis um sciúradh airgid a chomhrac, údaráis réitigh agus feidhmeanna maoirseachta na mbanc ceannais a áireamh freisin.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 35a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Léireofar go cuí san iarraidh ar mhalartú faisnéise an bunús dlí faoi dhlí an Aontais lena gceadaítear don údarás iarrthach an fhaisnéis a fháil ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile. Beidh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis faoi réir na n-oibleagáidí rúndachta gairmiúla agus cosanta sonraí a leagtar síos in Airteagail 70 agus 71 agus i reachtaíocht earnálach is infheidhme maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás iarrthach, agus maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis. Cuirfidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis gach institiúid airgeadais ábhartha **nó gach údarás inniúil ábhartha** ar an eolas faoin malartú faisnéise sin gan moill mhichuí.

Leasú

2. Léireofar go cuí san iarraidh ar mhalartú faisnéise an bunús dlí faoi dhlí an Aontais lena gceadaítear don údarás iarrthach an fhaisnéis a fháil ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile. Beidh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis faoi réir na n-oibleagáidí rúndachta gairmiúla agus cosanta sonraí a leagtar síos in Airteagail 70 agus 71 agus i reachtaíocht earnálach is infheidhme maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás iarrthach, agus maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis. Cuirfidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis gach institiúid airgeadais ábhartha ar an eolas faoin malartú faisnéise sin, **ar choinníoll nach ndearnadh an fhaisnéis a anaithnídiú, a mhodhnú, a**

chomhiomlánú nó a láimhseáil trí aon mhodh eile rialaithe maidir le nochtadh chun faisnéis rúnda a chosaint, gan moill mhíchuí.

Or. en

Réasúnú

Chun a áirithiú nach dtiocfaidh méadú comhionann ar ualach riaracháin na n-údarás mar thoradh ar an laghdú ar ualach riaracháin na gcuideachtaí, níor cheart eolas a thabhairt maidir le malartú faisnéise a theorannú d'institiúidí airgeadais ábhartha, ach amháin nuair nach bhfreastalaíonn an fhaisnéis a mhalartaítear ar mhéid áirithe anaithnidithe.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 35a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Beidh feidhm ag **míreanna 1 agus 2** freisin maidir le faisnéis arna fáil ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ó institiúid airgeadais nó ó **údarás eile dá dtagraítear i mír 1** agus a mbeidh seiceálacha cáilíochta déanta ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis uirthi ina dhiaidh sin nó a phróiseálfaidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ar shlí eile.

Leasú

3. Beidh feidhm ag **míreanna 1, 1a agus 2** freisin maidir le faisnéis arna fáil ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ó institiúid airgeadais nó ó **na húdaráis** eile agus a mbeidh seiceálacha cáilíochta déanta ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis uirthi ina dhiaidh sin nó a phróiseálfaidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ar shlí eile.

Or. en

Réasúnú

Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailiniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 35a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Maidir le comhroinnt faisnéise dá dtagraítear i **míreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh** na húdaráis **dá dtagraítear i mír 1** meabhráin tuisceana **a dhéanamh** chun módúlachtaí an mhalartaithe faisnéise a shonrú. **Féadfaidh** siad socruithe a shonrú freisin maidir le comhroinnt acmhainní chun sonraí comhroinnte den sórt sin a bhailiú agus a phróiseáil.

Leasú

4. Maidir le comhroinnt faisnéise dá dtagraítear i **míreanna 1, 1a, 2 agus 3, déanfaidh** na húdaráis **eile** meabhráin tuisceana chun módúlachtaí an mhalartaithe faisnéise a shonrú. **Déanfaidh** siad socruithe a shonrú freisin maidir le comhroinnt acmhainní chun sonraí comhroinnte den sórt sin a bhailiú agus a phróiseáil.

Or. en

Réasúiní

Beidh úsáid na MTanna rithábhachtach chun próiseas rianúil a áirithiú agus faisnéis á malartú. Dá bhrí sin, ba cheart do gach údarás MT a dhéanamh. Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás. Déantar an tagairt do mhíreanna eile a oiriúnú chun í a ailíniú leis na forálacha nua dá bhforáiltear.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 35a – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Beidh **míreanna 1 go 4** gan dochar do chosaint ceart maoinne intleachtúla agus ní chuirfidh siad cosc ná srian ar mhalartú faisnéise idir na húdaráis **dá dtagraítear i mír 1 i** gcomhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais. I gcás ina bhfuil na forálacha san Airteagal seo ar neamhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena rialaítear malartú faisnéise idir na húdaráis **dá dtagraítear i mír 1**, beidh forlámhas ag na forálacha sa reachtaíocht eile sin.

Leasú

5. Beidh **míreanna 1 go 4** gan dochar do chosaint ceart maoinne intleachtúla agus ní chuirfidh siad cosc ná srian ar mhalartú faisnéise idir na húdaráis **eile** i gcomhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais. I gcás ina bhfuil na forálacha san Airteagal seo ar neamhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena rialaítear malartú faisnéise idir na húdaráis **eile**, beidh forlámhas ag na forálacha sa reachtaíocht eile sin.

Or. en

Réasúnú

Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 35a – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

6. Gan dochar d'oibleagáidí eile a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le comhroinnt faisnéise, **déanfaidh** an tÚdarás agus na húdaráis inniúla, ar iarraidh a bhfuil údar maith léi, faisnéis a chomhroinnt ar bhonn cás ar chás leis an gCoimisiún **nó le ceann de na húdaráis dá dtagraítear i mír 1** ar faisnéis í a bheidh tuairiscithe ag institiúidí airgeadais dóibh de bhun a ndualgas faoi dhlí an Aontais. **Tarchuirfidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla an fhaisnéis sin** i bhfoirm nach **féidir** eintitis aonair a shainaithint léi agus nach bhfuil sonraí pearsanta inti.

Leasú

6. Gan dochar d'oibleagáidí eile a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le comhroinnt faisnéise, **féadfaidh** an tÚdarás agus na húdaráis inniúla, ar iarraidh a bhfuil údar maith léi, faisnéis a chomhroinnt ar bhonn cás ar chás leis an gCoimisiún, ar faisnéis í a bheidh tuairiscithe ag institiúidí airgeadais dóibh de bhun a ndualgas faoi dhlí an Aontais, i bhfoirm nach **bhféadfar** eintitis aonair a shainaithint léi agus nach bhfuil sonraí pearsanta inti.

Or. en

Réasúnú

Níl an fhoráil maidir le malartú faisnéise i mír 6 comhsheasmhach leis na forálacha maidir le malartú faisnéise i mír 1. Déileáiltear leis na coinníollacha don mhalartú faisnéise idir údaráis i mír 1. Déileáiltear leis na coinníollacha don mhalartú faisnéise leis an gCoimisiún i mír 6 agus déantar iad a oiriúnú chun méid áirithe neamhspleáchais a áirithiú sa chinneadh faisnéis den sórt sin a mhalartú.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 35a – mír 7a (nua)

7a. Tuairisceoidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla, faoin 31 Nollaig 2024, don Choimisiún gach bacainn dhlíthiúil i rialacháin earnála a chuireann cosc orthu ar bhealach ar bith faisnéis a mhalartú leis na húdaráis eile nó le heintitis eile.

Ar bhonn na tuarascála sin agus aird chuí á tabhairt aige ar chosaint ceart maoinne intleachtúla, ar na hoibleagáidí maidir le rúndacht ghairmiúil agus ar chosaint sonraí, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun bacainní dlí den sórt sin a bhaint sa reachtaíocht earnálach chun malartú faisnéise idir údaráis agus eintitis eile a chothú faoin 30 Meitheamh 2025.

Or. en

Réasúnú

Mar a luaigh bainistíocht BERS agus ÚMEnna, tá go leor bacainní dlíthiúla fós ann i rialacháin earnála a fhágann nach féidir faisnéis a mhalartú. Dá bhrí sin, ba cheart na bacainní sin a thuairisciú don Choimisiún chun deireadh a chur leo agus cearta maoinne intleachtúla, rúndacht ghairmiúil agus cosaint sonraí á n-urramú ag an am céanna.

Leasú 34

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 35 b (nua)**

4a. cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 35b

Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú

1. Faoi 31 Nollaig 2026, déanfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis na húdaráis eile, Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú lena n-áireofar:

- (a) foclóir um shonraí comhchoiteanna;**
- (b) stór comhpháirteach le haghaidh ceanglas tuairiscithe agus nochta;**
- (c) pointe lárnach bailithe sonraí; agus**
- (d) pointe tuairiscithe aonair d'eintitis chun ceanglais tuairiscithe nó nochta dhúbailte, atá iomarcach nó imithe i léig, a shaináithint.**

I ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, beidh meastachán ar an tionchar airgeadais foriomlán ag gabháil le bunú an Chórais Tuairiscithe Chomhtháite Aonair. Cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun na hacmhainní airgeadais, daonna agus TF is gá a áirithiú don bhunú.

(Obair leanúnach atá le breithniú: Tuarascáil COM maidir le 'Foclóirí a chur chun feidhme trí mheaisínfhoghlaim chuidithe', ÚBE 'Staidéar ar Chostas Comhlíonta' nó ÚBE 'Feasibility Study on an integrated reporting system' [Staidéar féidearthachta maidir le córas tuairiscithe comhtháite].)

Or. en

Réasúnú

Ag tógáil ar an obair a rinne an Coimisiún agus na húdaráis maidir le córais tuairiscithe chomhtháite, ba cheart sainordú a thabhairt do na húdaráis chun Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú. Ba cheart a áireamh leis sin foclóir sonraí le haghaidh códú coiteann agus comhthuiscint ar shonraí, stór comhpháirteach lena gcumasaítear forléargas coiteann ar na sonraí a iarradh agus a fuarthas, pointe bailithe sonraí lárnachle haghaidh malartú éifeachtúil sonraí chomh maith le pointe tuairiscithe aonair chun é a chur ar a gcumas d'eintitis tuairisciú agus nochthead atá dúbailte, imithe i léig nó iomarcach a shaináithint. Ní mór na himpleachtaí airgeadais a chur san áireamh.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 36 – mír 2

An téacs atá ann

2. Déanfaidh an tÚdarás, go rialta agus go tráthúil, faisnéis a sholáthar don BERS, ar faisnéis í atá riachtanach chun a chúraimí a chomhlíonadh. Déanfar aon sonraí is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh agus nach bhfuil i bhfoirm achomair nó i bhfoirm chomhiomlán a sholáthar don BERS gan mhoill tar éis iarraidh réasúnaithe a fháil, de réir mar a shonraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010. Déanfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis an BERS, nósanna imeachta inmheánacha leordhóthanacha a chur i bhfeidhm maidir le tarchur faisnéise rúnda, go háirithe faisnéis i dtaca le hinstiúidí airgeadais aonair.

Leasú

4b. in Airteagal 36, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Comhoibreoidh an tÚdarás in éineacht leis an gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC), an Coimisiún, na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus na húdaráis staidrimh náisiúnta go dlúth leis an BERS trí chomhroinnt na faisnéise agus na hanailíse is gá chun a gcúraimí a bhaint amach.

Déanfaidh an tÚdarás in éineacht le BERS agus BCE a n-iarrachtaí a chomhordú chun rioscaí sistéamacha don chobhsaíocht airgeadais a bhrath, chun faireachán a dhéanamh orthu, chun iad a chosc agus a mhaolú.

Comhlíonfaidh an tÚdarás, i gcomhréir le hAirteagal 15(1) go (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, na forálacha a leagtar amach maidir le comhroinnt sonraí.

Déanfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis an BERS, nósanna imeachta inmheánacha leordhóthanacha a chur i bhfeidhm maidir le tarchur faisnéise rúnda, go háirithe faisnéis i dtaca le hinstiúidí airgeadais aonair.'

Or. en

(32010R1093)

Réasúnú

Déantar an tAirteagal a bhaineann leis an gcaidreamh le BERS a oiriúinú chun freastal ar na hathruithe a mholtar in Airteagal 15(1) go (5) i Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 54 – mír 2 – fleasc 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

— ceanglais tuairiscithe agus bailiú na faisnéise ó institiúidí airgeadais.;

Leasú

— ceanglais tuairiscithe agus **nochta agus** bailiú na faisnéise ó institiúidí airgeadais.;

Or. en

Réasúnú

Ba cheart comhsheasmhacht trasearnála na gceanglas tuairiscithe agus nochta a áireamh i gcúraimí JC.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
Airteagal 70 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Ní chuirfidh míreanna 1 ná 2 cosc ar an Údarás faisnéis a mhalartú **le húdaráis inniúla, ÚMEnna eile, BERS agus** na húdaráis **a shainmhíneáir in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) .../...¹²** – i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hinstitiúidí airgeadais.

Leasú

3. Ní chuirfidh míreanna 1 ná 2 cosc ar an Údarás faisnéis a mhalartú **leis** na húdaráis **eile dá dtagraítear in Airteagal 35a(1b)** — i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hinstitiúidí airgeadais.

¹² **OP: cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad 2021/0250(COD) (togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid – COM/2021/423 final).**

Or. en

Réasúnú

Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás. Déantar an tagairt do mhíreanna eile a oiriúnú chun í a ailíniú leis na forálacha nua dá bhforáiltear.

Leasú 38

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe -1 (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010
Airteagal 16a – mír 1 – fómhír 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

-1. Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 16a(1):

‘Ní bheidh tuairimí an Údaráis teoranta do nósanna imeachta reachtacha leanúnacha. Féadfaidh an tÚdarás freisin leasuithe ar ghníomhartha reachtacha atá i bhfeidhm a mholadh ina thuairimí, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear leasuithe:

(a) deireadh a chur le ceanglais tuairiscithe agus nochta atá iomarcach nó imithe i léig i ndáil le dlí an Aontais nó le trasuí náisiúnta dhlí an Aontais ag na Ballstáit;

(b) ceanglais chomhsheasmhacha tuairiscithe agus nochta a áirithiú ar fud reachtaíocht earnáilsonrach, chomh maith le reachtaíocht trasearnála;

(c) maidir le leordhóthanacht mhéid na comhréireachta sna ceanglais tuairiscithe agus nochta i ndáil le cineál, méid agus

(32010R1094)

Réasúnú

Chun laghdú ar cheanglais tuairiscithe agus nochta iomarcacha nó ceanglais tuairiscithe agus nochta atá imithe i léig a chothú, ba cheart don Údarás tuairimí a sholáthar ní hamháin maidir leis na nósanna imeachta reachtacha atá ar siúl faoi láthair, ach freisin maidir leis na nósanna imeachta reachtacha a tugadh chun críche. D’fhéadfadh na tuairimí sin ionchur a sholáthar maidir le laghdú féideartha neamhréireachtaí ingearacha sna ceanglais tuairiscithe agus nochta (‘rórialáil’), maidir le neamhréireachtaí cothrománacha ar fud reachtaíocht earnáilsonrach chomh maith le reachtaíocht trasearnála, chomh maith le leordhóthanacht mhéid na comhréireachta.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1

Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010

Airteagal 29 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúla ábhartha rialála agus cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún, agus ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte agus na moltaí arna n-eisiúint ag an Údarás, agus leasuithe a mholadh i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear leasuithe chun ceanglais tuairiscithe atá iomarcach nó atá imithe i léig a bhaint agus chun costais a íoslaghdú,;

Leasú

(d) athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúla ábhartha rialála agus cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún, agus ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte agus na moltaí arna n-eisiúint ag an Údarás, agus leasuithe a mholadh i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear leasuithe chun ceanglais tuairiscithe **agus nochta atá díréireach**, iomarcach nó atá imithe i léig a bhaint agus chun costais a íoslaghdú;

Réasúnú

Ba cheart cultúr maoirseachta comhchoiteann an Údaráis a leathnú chun go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar cheanglais tuairiscithe agus nochta atá neamhréireach, iomarcach nó imithe i léig agus costais a íoslaghdú.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010
Airteagal 30 – mír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(e) éifeachtacht na gceanglas tuairiscithe náisiúnta agus méid an chóineasaithe idir na ceanglais sin agus na ceanglais a leagtar amach i ndlí an Aontais.

Leasú

(e) éifeachtacht na gceanglas tuairiscithe **agus nochta** náisiúnta agus méid an chóineasaithe idir na ceanglais sin agus na ceanglais a leagtar amach i ndlí an Aontais.

Or. en

Réasúnú

Tá sé rithabhachtach cóineasú na gceanglas tuairiscithe agus nochta a chomhtháthú sna hathbhreithnithe piaraí leis na húdaráis inniúla chun ró-thuairisciú agus nochtheadh a laghdú i ndáil le ‘rórialáil’ ar leibhéal na mBallstát.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010
Airteagal 35 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Sula n-iarrfaidh an tÚdarás faisnéis i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus chun dúbailt ar na hoibleagáidí tuairiscithe a sheachaint, cuirfidh sé san áireamh faisnéis arna bailiú ag **údaráis** eile dá dtagraítear in **Airteagal 35a(1)** agus aon staidreamh ábhartha atá ann cheana féin, arna ullmhú agus arna scaipeadh ag an gCóras Eorpach um Staidreamh agus ag an gCóras Eorpach Banc Ceannais.

Leasú

4. Sula n-iarrfaidh an tÚdarás faisnéis i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus chun dúbailt ar na hoibleagáidí tuairiscithe **agus nochta** a sheachaint, cuirfidh sé san áireamh faisnéis arna bailiú ag **na húdaráis** eile dá dtagraítear in **Airteagal 35a(1b)** agus aon staidreamh ábhartha atá ann cheana féin, arna ullmhú agus arna scaipeadh ag an gCóras Eorpach um Staidreamh agus ag an gCóras Eorpach Banc Ceannais.

Or. en

Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4

Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010

Airteagal 35a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Comhroinnfidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla **le** húdaráis eile, ar bhonn cás ar chás nó ar bhonn rialta, faisnéis arna fáil acu ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile **agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, arna iarraidh sin do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile, do BERS nó d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (2), den Rialachán seo, in Airteagal 4, pointe (2), de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 nó in Airteagal 4, pointe (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, nó do na húdaráis a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³, ar choinníoll go bhfuil an t-údarás a iarrann an fhaisnéis i dteideal, de bhun dhlí an Aontais, an fhaisnéis chéanna sin a fháil ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'institiúid airgeadais' 'institiúid airgeadais' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.**

Leasú

1. Comhroinnfidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla **leis na** húdaráis eile, ar bhonn cás ar chás nó ar bhonn rialta, faisnéis arna fáil acu ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile, **nuair atá** an t-údarás **iarrthach i dteideal** an fhaisnéis **sin a fháil**, de bhun **a mhisin, a chuspóirí, a chúraimí agus a chumhachtaí** nó **i gcomhréir le dlí ábhartha** an Aontais.

Chun críocha an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a chomhroinnt, úsáidfidh an tÚdarás nó an t-údarás inniúil an Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair dá dtagraítear in Airteagal 35b, nuair a bhunófar é.

13 OP: cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad 2021/0250(COD) (togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/423 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

Or. en

Réasúnú

Níor cheart na coinníollacha maidir le malartú faisnéise a bheith róshriantach. Dá bhrí sin, cuirtear isteach sainorduithe a bhaineann le misean, cuspóirí, cúraimí agus cumhachtaí an Údaráis agus na n-údarás inniúil chomh maith le sainorduithe sonracha maidir le ceanglais tuairiscithe i reachtaíocht earnáil-shonrach (i.e. ‘dlí ábhartha eile de chuid an Aontais’).

Leasú 43

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010
Airteagal 35a – mír 1a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. Beidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla araon in ann faisnéis a iarraidh ar na húdaráis eile a d’iarrfaidís ar shlí eile ar institiúidí airgeadais nó ar údaráis inniúla eile, i gcás ina gcomhlíontar an dá cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá siad i dteideal an fhaisnéis sin a fháil de bhun a misin, a gcuspóirí, a gcúraimí agus a gcumhachtaí nó i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais;

(b) go bhfuair ceann amháin ar a laghad de na húdaráis eile an fhaisnéis sin.

Chun a chinneadh an gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear i bpointe (b), bainfidh an tÚdarás nó an t-údarás inniúil úsáid as an gCóras Tuairiscithe Comhtháite Aonair dá dtagraítear in Airteagal 35b, nuair a bhunófar é.

Réasúnú

Ós rud é nach bhforáiltear sa togra ón gCoimisiún do mhalartú faisnéise idir údaráis ach amháin arna iarraidh sin d'údaráis eile, ní mór na coinníollacha maidir le malartú faisnéise den sórt sin a iarraidh a shoiléiriú. Dá bhrí sin, thabharfadh pointe (b) le tuiscint go ndéanfaí an prionsabal 'tuairisciú uair amháin' a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4
 Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010
 Airteagal 35a – mír 1b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1b. Chun críocha an Airteagail seo, Airteagal 35b agus Airteagal 70(3), ciallaíonn ‘údaráis eile’ aon cheann de na húdaráis seo a leanas:

(a) Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile;

(b) BERS;

(c) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010;

(d) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 4 den Rialachán seo;

(e) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010;

(f) Bunaíodh ÚFA le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a};

(g) údaráis mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1b};

(h) SAM, mar a shainmhínítear i bpointe (9) d’Airteagal 2, de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(i) BRA;

(j) údaráis réitigh náisiúnta, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 3, de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘institiúid airgeadais’ ‘institiúid airgeadais’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

^{1a} OP: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2021/0240(COD) (togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac - COM/2021/421 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

^{1b} OP: cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad 2021/0250(COD) (togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid – COM/2021/423 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

Or. en

Réasúnú

Ní áirítear i raon feidhme an Rialacháin Leasaithe seo ach BERS, ÚMEnna chomh maith leis na húdaráis inniúla faoi seach sna Ballstáit sa togra ón gCoimisiún. Chun malartú faisnéise a chothú ar fud na hearnála airgeadais ina hiomláine, is gá raon feidhme an Rialacháin Leasaithe seo a leathnú chun údaráis um sciúradh airgid a chomhrac, údaráis réitigh agus feidhmeanna maoirseachta na mbanc ceannais a áireamh freisin.

Leasú 45

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010
Airteagal 35a – mír 2**

2. Léireofar go cuí san iarraidh ar mhalartú faisnéise an bunús dlí faoi dhlí an Aontais lena gceadaítear don údarás iarrthach an fhaisnéis a fháil ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile. Beidh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis faoi réir na n-oibleagáidí rúndachta gairmiúla agus cosanta sonraí a leagtar síos in Airteagail 70 agus 71 agus i reachtaíocht earnálach is infheidhme maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás iarrthach, agus maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis. Cuirfidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis gach institiúid airgeadais ábhartha ***nó gach údarás inniúil ábhartha*** ar an eolas faoin malartú faisnéise sin gan moill mhíchuí.

2. Léireofar go cuí san iarraidh ar mhalartú faisnéise an bunús dlí faoi dhlí an Aontais lena gceadaítear don údarás iarrthach an fhaisnéis a fháil ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile. Beidh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis faoi réir na n-oibleagáidí rúndachta gairmiúla agus cosanta sonraí a leagtar síos in Airteagail 70 agus 71 agus i reachtaíocht earnálach is infheidhme maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás iarrthach, agus maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis. Cuirfidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis gach institiúid airgeadais ábhartha ar an eolas faoin malartú faisnéise sin, ***ar choinníoll nach ndearnadh an fhaisnéis a anaithnidíú, a mhodhnú, a chomhiomlánú nó a láimhseáil trí aon mhodh eile rialaithe maidir le nochtadh chun faisnéis rúnda a chosaint***, gan moill mhíchuí.

Or. en

Réasúnú

Chun a áirithiú nach dtiocfaidh méadú comhionann ar ualach riaracháin na n-údarás mar thoradh ar an laghdú ar ualach riaracháin na gcuideachtaí, níor cheart eolas a thabhairt maidir le malartú faisnéise a theorannú d'institiúidí airgeadais ábhartha, ach amháin nuair nach bhfreastalaíonn an fhaisnéis a mhalartaítear ar mhéid áirithe anaithnidithe.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010
Airteagal 35a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3. Beidh feidhm ag **míreanna 1 agus 2** freisin maidir le faisnéis arna fáil ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ó institiúid airgeadais nó ó **údarás eile dá dtagraítear i mír 1** agus a mbeidh seiceálacha cáilíochta déanta ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis uirthi ina dhiaidh sin nó a phróiseálfaidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ar shlí eile.

3. Beidh feidhm ag **míreanna 1, 1a agus 2** freisin maidir le faisnéis arna fáil ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ó institiúid airgeadais nó ó **na húdaráis eile** agus a mbeidh seiceálacha cáilíochta déanta ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis uirthi ina dhiaidh sin nó a phróiseálfaidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ar shlí eile.

Or. en

Réasúnú

Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010
Airteagal 35a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4. Maidir le comhroinnt faisnéise dá dtagraítear i **míreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh** na húdaráis **dá dtagraítear i mír 1** meabhráin tuisceana **a dhéanamh** chun módúlachtaí an mhalartaithe faisnéise a shonrú. **Féadfaidh** siad socruithe a shonrú freisin maidir le comhroinnt acmhainní chun sonraí comhroinnte den sórt sin a bhailiú agus a phróiseáil.

4. Maidir le comhroinnt faisnéise dá dtagraítear i **míreanna 1, 1a, 2 agus 3, déanfaidh** na húdaráis **eile** meabhráin tuisceana chun módúlachtaí an mhalartaithe faisnéise a shonrú. **Déanfaidh** siad socruithe a shonrú freisin maidir le comhroinnt acmhainní chun sonraí comhroinnte den sórt sin a bhailiú agus a phróiseáil.

Or. en

Réasúnú

Beidh úsáid na MTanna rithábhachtach chun próiseas rianúil a áirithiú agus faisnéis á malartú. Dá bhrí sin, ba cheart do gach údarás MT a dhéanamh. Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás. Déantar an tagairt do mhíreanna eile a oiriúnú chun í a ailíniú leis na forálacha nua dá bhforáiltear.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4

Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010

Airteagal 35a, –mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Beidh ***míreanna 1 go 4*** gan dochar do chosaint ceart maoine intleachtúla agus ní chuirfidh siad cosc ná srian ar mhalartú faisnéise idir na húdaráis ***dá dtagraítear i mír 1 i*** gcomhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais. I gcás ina bhfuil na forálacha san Airteagal seo ar neamhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena rialaítear malartú faisnéise idir na húdaráis ***dá dtagraítear i mír 1***, beidh forlámhas ag na forálacha sa reachtaíocht eile sin.

Leasú

5. Beidh ***míreanna 1 go 4*** gan dochar do chosaint ceart maoine intleachtúla agus ní chuirfidh siad cosc ná srian ar mhalartú faisnéise idir na húdaráis ***eile*** i gcomhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais. I gcás ina bhfuil na forálacha san Airteagal seo ar neamhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena rialaítear malartú faisnéise idir na húdaráis ***eile***, beidh forlámhas ag na forálacha sa reachtaíocht eile sin.

Or. en

Réasúnú

Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4

Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010

Airteagal 35a – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

6. Gan dochar d'oibleagáidí eile a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le comhroinnt faisnéise, ***déanfaidh*** an tÚdarás agus na húdaráis inniúla, ar iarraidh a bhfuil údar maith léi a fháil, faisnéis a chomhroinnt ar bhonn cás ar chás leis an gCoimisiún ***nó le ceann de na húdaráis dá dtagraítear i mír 1*** ar faisnéis

Leasú

6. Gan dochar d'oibleagáidí eile a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le comhroinnt faisnéise, ***féadfaidh*** an tÚdarás agus na húdaráis inniúla, ar iarraidh a bhfuil údar maith léi a fháil, faisnéis a chomhroinnt ar bhonn cás ar chás leis an gCoimisiún, ar faisnéis í a bheidh tuairiscithe ag institiúidí airgeadais dóibh

í a bheidh tuairiscithe ag institiúidí airgeadais dóibh de bhun a ndualgas faoi dhlí an Aontais. **Tarchuirfidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla an fhaisnéis sin** i bhfoirm nach **féidir** eintitis aonair a shainnithint léi agus nach bhfuil sonraí pearsanta inti.

de bhun a ndualgas faoi dhlí an Aontais, i bhfoirm nach **bhféadfar** eintitis aonair a shainnithint léi agus nach bhfuil sonraí pearsanta inti.

Or. en

Réasúnú

Níl an fhoráil maidir le malartú faisnéise i mír 6 comhsheasmhach leis na forálacha maidir le malartú faisnéise i mír 1. Déileáiltear leis na coinníollacha don mhalartú faisnéise idir údaráis i mír 1. Déileáiltear leis na coinníollacha don mhalartú faisnéise leis an gCoimisiún i mír 6 agus déantar iad a oiriúnú chun méid áirithe neamhspleáchais a áiritiú sa chinneadh faisnéis den sórt sin a mhalartú.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010
Airteagal 35a – mír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

7a. Tuairisceoidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla, faoin 31 Nollaig 2024, don Choimisiún gach bacainn dhlíthiúil i rialacháin earnála a chuireann cosc orthu ar bhealach ar bith faisnéis a mhalartú leis na húdaráis eile nó le heintitis eile.

Ar bhonn na tuarascála sin agus aird chuí á tabhairt aige ar chosaint ceart maoine intleachtúla, ar na hoibleagáidí maidir le rúndacht ghairmiúil agus ar chosaint sonraí, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun bacainní dlí den sórt sin a bhaint sa reachtaíocht earnálach chun malartú faisnéise idir údaráis agus eintitis eile a chothú faoin 30 Meitheamh 2025.

Réasúnú

Mar a luaigh bainistíocht BERS agus ÚMEnna, tá go leor bacainní dlíthiúla fós ann i rialacháin earnála a fhágann nach féidir faisnéis a mhalartú. Dá bhrí sin, ba cheart na bacainní sin a thuairisciú don Choimisiún chun deireadh a chur leo agus cearta maoinne intleachtúla, rindacht ghairmiúil agus cosaint sonraí á n-urramú ag an am céanna.

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 a (nua)
 Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010
 Airteagal 35a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4a. cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 35aa

Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú

1. Faoi 31 Nollaig 2026, déanfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis na húdaráis eile, Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú lena n-áireofar:

(a) foclóir um shonraí comhchoiteanna;

(b) stór comhphárteach le haghaidh ceanglas tuairiscithe agus nochta;

(c) pointe lárnach bailithe sonraí; agus

(d) pointe tuairiscithe aonair d’eintitis chun ceanglais tuairiscithe nó nochta dhúbailte, atá iomarcach nó imithe i léig, a shainaithint.

I ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, beidh meastachán ar an tionchar airgeadais foriomlán ag gabháil le bunú an Chórais Tuairiscithe Chomhtháite Aonair. Cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun na hacmhainní airgeadais, daonna agus TF is gá a

áirithiú don bhunú.'

*(Obair leanúnach atá le breithniú:
Tuarascáil COM maidir le 'Foclóirí a
chur chun feidhme trí mheaisínfhoghlaím
chuidithe', ÚBE 'Staidéar ar Chostas
Comhlíonta' nó ÚBE 'Feasibility Study
on an integrated reporting system'
[Staidéar féidearthachta maidir le córas
tuairiscithe comhtháite].)*

Or. en

Réasúnú

Ag tógáil ar an obair a rinne an Coimisiún agus na húdaráis maidir le córais tuairiscithe chomhtháite, ba cheart sainordú a thabhairt do na húdaráis chun Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú. Ba cheart a áireamh leis sin foclóir sonraí le haghaidh códú coiteann agus comhthuisctint ar shonraí, stór comhpháirteach lena gcumasaítear forléargas coiteann ar na sonraí a iarradh agus a fuarthas, pointe bailithe sonraí lárnachle haghaidh malartú éifeachtúil sonraí chomh maith le pointe tuairiscithe aonair chun é a chur ar a gcumas d'eintitis tuairisciú agus nochtadh atá dúbailte, imithe i léig nó iomarcach a shainaithint. Ní mór na himpleachtaí airgeadais a chur san áireamh.

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010
Airteagal 36 – mír 2

An téacs atá ann

2. Déanfaidh an tÚdarás, go rialta agus go tráthúil, faisnéis a sholáthar don BERS, ar faisnéis í atá riachtanach chun a chúraimí a chomhlíonadh. Déanfar aon sonraí is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh agus nach bhfuil i bhfoirm achomair nó i bhfoirm chomhiomlán a sholáthar don BERS gan mhoill tar éis iarraidh réasúnaithe a fháil, de réir mar a shonraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010. Déanfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis an BERS,

Leasú

4b. in Airteagal 36, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Comhoibreoidh an tÚdarás in éineacht leis an gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC), an Coimisiún, na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus na húdaráis staidrimh náisiúnta go dlúth leis an BERS trí chomhroinnt na faisnéise agus na hanailíse is gá chun a gcúraimí a bhaint amach.

nósanna imeachta inmheánacha leordhóthanacha a chur i bhfeidhm maidir le tarchur faisnéise rúnda, go háirithe faisnéis i dtaca le hinstiúidí airgeadais aonair.

Déanfaidh an tÚdarás in éineacht le BERS agus BCE a n-iarrachtaí a chomhordú chun rioscaí sistéamacha don chobhsaíocht airgeadais a bhrath, chun faireachán a dhéanamh orthu, chun iad a chosc agus a mhaolú.

Comhlíonfaidh an tÚdarás, i gcomhréir le hAirteagal 15(1) go (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, na forálacha a leagtar amach maidir le comhroinnt sonraí.

Déanfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis an BERS, nósanna imeachta inmheánacha leordhóthanacha a chur i bhfeidhm maidir le tarchur faisnéise rúnda, go háirithe faisnéis i dtaca le hinstiúidí airgeadais aonair.’

Or. en

(32010R1094)

Réasúnú

Déantar an tAirteagal a bhaineann leis an gcaidreamh le BERS a oiriúnú chun freastal ar na hathruithe a mholtar in Airteagal 15(1) go (5) i Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

Leasú 53

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010
Airteagal 54 – mír 2 – fleasc 7**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

— ceanglais tuairiscithe agus bailiú na faisnéise ó instiúidí airgeadais.;

Leasú

— ceanglais tuairiscithe agus **nochta agus** bailiú na faisnéise ó instiúidí airgeadais.;

Or. en

Réasúnú

Ba cheart comhsheasmhacht trasearnála na gceanglas tuairiscithe agus nochta a áireamh i gcúraimi JC.

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010
Airteagal 70 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Ní chuirfidh míreanna 1 ná 2 cosc ar an Údarás faisnéis a mhalartú *le húdaráis inniúla, ÚMEnna eile, BERS agus* na húdaráis *a shainmhíneáir in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) .../...*¹⁴ i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hinstiúidí airgeadais.

¹⁴ **OP: cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad 2021/0250(COD) (togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid – COM/2021/423 final).**

Leasú

3. Ní chuirfidh míreanna 1 ná 2 cosc ar an Údarás faisnéis a mhalartú *leis* na húdaráis *eile dá dtagraítear in Airteagal 35a(1b)* — i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hinstiúidí airgeadais.

Or. en

Réasúnú

Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailiniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás. Déantar an tagairt do mhíreanna eile a oiriúnú chun í a ailiniú leis na forálacha nua dá bhforáiltear.

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe -1 (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010
Airteagal 16a – mír 1 – fómhír 1 a (nua)

-1. Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 16a(1):

‘Ní bheidh tuairimí an Údaráis teoranta do nósanna imeachta reachtacha leanúnacha. Féadfaidh an tÚdarás freisin leasuithe ar ghníomhartha reachtacha atá i bhfeidhm a mholadh ina thuairimí, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear leasuithe:

(a) deireadh a chur le ceanglais tuairiscithe agus nochta atá iomarcach nó imithe i léig i ndáil le dlí an Aontais nó le trasuí náisiúnta dhlí an Aontais ag na Ballstáit;

(b) ceanglais chomhsheasmhacha tuairiscithe agus nochta a áirithiú ar fud reachtaíocht earnáilsonrach, chomh maith le reachtaíocht trasearnála;

(c) maidir le leordhóthanacht mhéid na comhréireachta sna ceanglais tuairiscithe agus nochta i ndáil le cineál, méid agus castacht an eintitis tuairiscithe.’

Or. en

(32010R1095)

Réasúin

Chun laghdú ar cheanglais tuairiscithe agus nochta iomarcacha nó ceanglais tuairiscithe agus nochta atá imithe i léig a chothú, ba cheart don Údarás tuairimí a sholáthar ní hamháin maidir leis na nósanna imeachta reachtacha atá ar siúl faoi láthair, ach freisin maidir leis na nósanna imeachta reachtacha a tugadh chun críche. D’fhéadfadh na tuairimí sin ionchur a sholáthar maidir le laghdú féideartha neamhréireachtaí ingearacha sna ceanglais tuairiscithe agus nochta (‘rórialáil’), maidir le neamhréireachtaí cothrománacha ar fud reachtaíocht earnáilsonrach chomh maith le reachtaíocht trasearnála, chomh maith le leordhóthanacht mhéid na comhréireachta.

Leasú 56

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúla ábhartha rialála agus cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún, agus ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte agus na moltaí arna n-eisiúint ag an Údarás, agus leasuithe a mholadh i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear leasuithe chun ceanglais tuairiscithe atá iomarcach nó atá imithe i léig a bhaint agus chun costais a íoslaghdú;

Leasú

(d) athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúla ábhartha rialála agus cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún, agus ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte agus na moltaí arna n-eisiúint ag an Údarás, agus leasuithe a mholadh i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear leasuithe chun ceanglais tuairiscithe **agus nochta atá díréireach**, iomarcach nó atá imithe i léig a bhaint agus chun costais a íoslaghdú;

Or. en

Réasúnú

Ba cheart cultúr maoirseachta comhchoiteann an Údaráis a leathnú chun go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar cheanglais tuairiscithe agus nochta atá neamhréireach, iomarcach nó imithe i léig agus costais a íoslaghdú.

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010
Airteagal 30 – mír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(e) éifeachtacht na gceanglas tuairiscithe náisiúnta agus méid an chóineasaithe idir na ceanglais sin agus na ceanglais a leagtar amach i ndlí an Aontais.;

Leasú

(e) éifeachtacht na gceanglas tuairiscithe **agus nochta** náisiúnta agus méid an chóineasaithe idir na ceanglais sin agus na ceanglais a leagtar amach i ndlí an Aontais.;

Or. en

Réasúnú

Tá sé rithábhachtach cóineasú na gceanglas tuairiscithe agus nochta a chomhtháthú sna hathbhreithnithe piaraí leis na húdaráis inniúla chun ró-thuairisciú agus nochtadh a laghdú i ndáil le ‘rórialáil’ ar leibhéal na mBallstát.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3

Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010

Airteagal 35 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Sula n-iarrfaidh an tÚdarás faisnéis i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus chun dúbailt ar na hoibleagáidí tuairiscithe a sheachaint, cuirfidh sé san áireamh faisnéis arna bailiú ag **údaráis** eile dá dtagraítear in **Airteagal 35a(1)** agus aon staidreamh ábhartha atá ann cheana féin, arna ullmhú agus arna scaipeadh ag an gCóras Eorpach um Staidreamh agus ag an gCóras Eorpach Banc Ceannais.;

Leasú

4. Sula n-iarrfaidh an tÚdarás faisnéis i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus chun dúbailt ar na hoibleagáidí tuairiscithe **agus nochta** a sheachaint, cuirfidh sé san áireamh faisnéis arna bailiú ag **na húdaráis** eile dá dtagraítear in **Airteagal 35a(1b)** agus aon staidreamh ábhartha atá ann cheana féin, arna ullmhú agus arna scaipeadh ag an gCóras Eorpach um Staidreamh agus ag an gCóras Eorpach Banc Ceannais.;

Or. en

Réasúnú

Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailiniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4

Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010

Airteagal 35a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Comhroinnfidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla **le** húdaráis eile, ar bhonn cás ar chás nó ar bhonn rialta, faisnéis arna fáil acu ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile **agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, arna iarraidh sin do na húdaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile, do BERS nó d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (3),**

Leasú

1. Comhroinnfidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla **leis na** húdaráis eile, ar bhonn cás ar chás nó ar bhonn rialta, faisnéis arna fáil acu ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile, **nuair atá** an t-údarás **iarrthach i dteideal** an fhaisnéis **sin a fháil**, de bhun **a mhisin, a chuspóirí, a chúraimí agus a chumhachtaí nó i**

den Rialachán seo, in Airteagal 4, pointe (2), de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 nó in Airteagal 4, pointe (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, nó do na húdaráis a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵, ar choinníoll go bhfuil an t-údarás a iarrann an fhaisnéis i dteideal, de bhun dhlí an Aontais, an fhaisnéis chéanna sin a fháil ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘institiúid airgeadais’ ‘institiúid airgeadais’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais.

Chun críocha an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a chomhroinnt, úsáidfidh an tÚdarás nó an t-údarás inniúil an Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair dá dtagraítear in Airteagal 35b, nuair a bhunófar é.

¹⁵ OP: cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad 2021/0250(COD) (togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/423 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

Or. en

Réasúnú

Níor cheart na coinníollacha maidir le malartú faisnéise a bheith róshriantach. Dá bhrí sin, cuirtear isteach sainorduithe a bhaineann le misean, cuspóirí, cúraimí agus cumhachtaí an Údaráis agus na n-údarás inniúil chomh maith le sainorduithe sonracha maidir le ceanglais tuairiscithe i reachtaíocht earnáil-shonrach (i.e. ‘dlí ábhartha eile de chuid an Aontais’).

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010
Airteagal 35a – mír 1 a (nua)

1a. Beidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla araon in ann faisnéis a iarraidh ar na húdaráis eile a d'iarrfaidís ar shlí eile ar institiúidí airgeadais nó ar údaráis inniúla eile, i gcás ina gcomhlíontar an dá cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá siad i dteideal an fhaisnéis sin a fháil, de bhun a misin, a gcuspóirí, a gcúraimí agus a gcumhachtaí nó i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais;

(b) go bhfuair ceann amháin ar a laghad de na húdaráis eile an fhaisnéis sin.

Chun a chinneadh an gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear i bpointe (b), bainfidh an tÚdarás nó an t-údarás inniúil úsáid as an gCóras Tuairiscithe Comhtháite Aonair dá dtagraítear in Airteagal 35b, nuair a bhunófar é.

Or. en

Réasúnú

Ós rud é nach bhforáiltear sa togra ón gCoimisiún do mhalartú faisnéise idir údaráis ach amháin arna iarraidh sin d'údaráis eile, ní mór na coinníollacha maidir le malartú faisnéise den sórt sin a iarraidh a shoiléiriú. Dá bhrí sin, thabharfadh pointe (b) le tuiscint go ndéanfaí an prionsabal 'tuairisciú uair amháin' a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach.

Leasú 61

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010
Airteagal 35a – mír 1 b (nua)**

1b. Chun críocha an Airteagail seo, Airteagal 35b agus Airteagal 70(3), ciallaíonn 'údaráis eile' aon cheann de na húdaráis seo a leanas:

(a) Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile;

(b) BERS;

(c) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010;

(d) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010;

(e) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 4, den Rialachán seo;

(f) Bunáíodh ÚFA le Rialachán (AE) ../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a};

(g) údaráis mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) ../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1b};

(h) SAM, mar a shainmhínítear i bpointe (9) d'Airteagal 2, de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(i) BRA;

(j) údaráis réitigh náisiúnta, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 3, de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘institiúid airgeadais’ ‘institiúid airgeadais’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

^{1a} OP: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2021/0240(COD) (togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac - COM/2021/421 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

^{1b} OP: cuir isteach sa téacs uimhir na

**Treorach atá i ndoiciméad
(2021/0250(COD)) (togra le haghaidh an
6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid -
COM/2021/423 final) agus cuir isteach
uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na
Treorach sin san fhonóta.**

Or. en

Réasúnú

Ní áirítear i raon feidhme an Rialacháin Leasaithe seo ach BERS, ÚMEnna chomh maith leis na húdaráis inniúla faoi seach sna Ballstáit sa togra ón gCoimisiún. Chun malartú faisnéise a chothú ar fud na hearnála airgeadais ina hiomláine, is gá raon feidhme an Rialacháin Leasaithe seo a leathnú chun údaráis um sciúradh airgid a chomhrac, údaráis réitigh agus feidhmeanna maoirseachta na mbanc ceannais a áireamh freisin.

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4

Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010

Airteagal 35a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Léireofar go cuí san iarraidh ar mhalartú faisnéise an bunús dlí faoi dhlí an Aontais lena gceadaítear don údarás iarrthach an fhaisnéis a fháil ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile. Beidh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis faoi réir na n-oibleagáidí rúndachta gairmiúla agus cosanta sonraí a leagtar síos in Airteagail 70 agus 71 agus i reachtaíocht earnálach is infheidhme maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás iarrthach, agus maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis. Cuirfidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis gach institiúid airgeadais ábhartha ***nó gach údarás inniúil ábhartha*** ar an eolas faoin malartú faisnéise sin gan moill mhichuí.

Leasú

2. Léireofar go cuí san iarraidh ar mhalartú faisnéise an bunús dlí faoi dhlí an Aontais lena gceadaítear don údarás iarrthach an fhaisnéis a fháil ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile. Beidh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis faoi réir na n-oibleagáidí rúndachta gairmiúla agus cosanta sonraí a leagtar síos in Airteagail 70 agus 71 agus i reachtaíocht earnálach is infheidhme maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás iarrthach, agus maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis. Cuirfidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis gach institiúid airgeadais ábhartha ar an eolas faoin malartú faisnéise sin, ***ar choinníoll nach ndearnadh an fhaisnéis a anaithnídiú, a mhodhnú, a***

chomhiomlánú nó a láimhseáil trí aon mhodh eile rialaithe maidir le nochtadh chun faisnéis rúnda a chosaint, gan moill mhíchuí.

Or. en

Réasúnú

Chun a áirithiú nach dtiocfaidh méadú comhionann ar ualach riaracháin na n-údarás mar thoradh ar an laghdú ar ualach riaracháin na gcuideachtaí, níor cheart eolas a thabhairt maidir le malartú faisnéise a theorannú d'institiúidí airgeadais ábhartha, ach amháin nuair nach bhfreastalaíonn an fhaisnéis a mhalartaítear ar mhéid áirithe anaithnidithe.

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010
Airteagal 35a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Beidh feidhm ag **míreanna 1 agus 2** freisin maidir le faisnéis arna fáil ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ó institiúid airgeadais nó ó **údarás eile dá dtagraítear i mír 1** agus a mbeidh seiceálacha cáilíochta déanta ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis uirthi ina dhiaidh sin nó a phróiseálfaidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ar shlí eile.

Leasú

3. Beidh feidhm ag **míreanna 1, 1a agus 2** freisin maidir le faisnéis arna fáil ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ó institiúid airgeadais nó ó **na húdaráis** eile agus a mbeidh seiceálacha cáilíochta déanta ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis uirthi ina dhiaidh sin nó a phróiseálfaidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ar shlí eile.

Or. en

Réasúnú

Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailiniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás.

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010
Airteagal 35a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Maidir le comhroinnt faisnéise dá dtagraítear i **míreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh** na húdaráis **dá dtagraítear i mír 1** meabhráin tuisceana **a dhéanamh** chun módúlachtaí an mhalartaithe faisnéise a shonrú. **Féadfaidh** siad socruithe a shonrú freisin maidir le comhroinnt acmhainní chun sonraí comhroinnte den sórt sin a bhailiú agus a phróiseáil.

Leasú

4. Maidir le comhroinnt faisnéise dá dtagraítear i **míreanna 1, 1a, 2 agus 3, déanfaidh** na húdaráis **eile** meabhráin tuisceana chun módúlachtaí an mhalartaithe faisnéise a shonrú. **Déanfaidh** siad socruithe a shonrú freisin maidir le comhroinnt acmhainní chun sonraí comhroinnte den sórt sin a bhailiú agus a phróiseáil.

Or. en

Réasúimí

Beidh úsáid na MTanna rithabhachtach chun próiseas rianúil a áirithiú agus faisnéis á malartú. Dá bhrí sin, ba cheart do gach údarás MT a dhéanamh. Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás. Déantar an tagairt do mhíreanna eile a oiriúnú chun í a ailíniú leis na forálacha nua dá bhforáiltear.

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010
Airteagal 35a – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Beidh **míreanna 1 go 4** gan dochar do chosaint ceart maoine intleachtúla agus ní chuirfidh siad cosc ná srian ar mhalartú faisnéise idir na húdaráis **dá dtagraítear i mír 1 i** gcomhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais. I gcás ina bhfuil na forálacha san Airteagal seo ar neamhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena rialaítear malartú faisnéise idir na húdaráis **dá dtagraítear i mír 1**, beidh forlámhas ag na forálacha sa reachtaíocht eile sin.

Leasú

5. Beidh **míreanna 1 go 4** gan dochar do chosaint ceart maoine intleachtúla agus ní chuirfidh siad cosc ná srian ar mhalartú faisnéise idir na húdaráis **eile** i gcomhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais. I gcás ina bhfuil na forálacha san Airteagal seo ar neamhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena rialaítear malartú faisnéise idir na húdaráis **eile**, beidh forlámhas ag na forálacha sa reachtaíocht eile sin.

Or. en

Réasúnú

Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás.

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010
Airteagal 35a – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

6. Gan dochar d'oibleagáidí eile a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le comhroinnt faisnéise, **déanfaidh** an tÚdarás agus na húdaráis inniúla, ar iarraidh a bhfuil údar maith léi a fháil, faisnéis a chomhroinnt ar bhonn cás ar chás leis an gCoimisiún **nó le ceann de na húdaráis dá dtagraítear i mír 1** ar faisnéis í a bheidh tuairiscithe ag institiúidí airgeadais dóibh de bhun a ndualgas faoi dhlí an Aontais. **Tarchuirfidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla an fhaisnéis sin** i bhfoirm nach **féidir** eintitis aonair a shainaithint léi agus nach bhfuil sonraí pearsanta inti.

Leasú

6. Gan dochar d'oibleagáidí eile a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le comhroinnt faisnéise, **féadfaidh** an tÚdarás agus na húdaráis inniúla, ar iarraidh a bhfuil údar maith léi a fháil, faisnéis a chomhroinnt ar bhonn cás ar chás leis an gCoimisiún, ar faisnéis í a bheidh tuairiscithe ag institiúidí airgeadais dóibh de bhun a ndualgas faoi dhlí an Aontais, i bhfoirm nach **bhféadfar** eintitis aonair a shainaithint léi agus nach bhfuil sonraí pearsanta inti.

Or. en

Réasúnú

Níl an fhoráil maidir le malartú faisnéise i mír 6 comhsheasmhach leis na forálacha maidir le malartú faisnéise i mír 1. Déileáiltear leis na coinníollacha don mhalartú faisnéise idir údaráis i mír 1. Déileáiltear leis na coinníollacha don mhalartú faisnéise leis an gCoimisiún i mír 6 agus déantar iad a oiriúnú chun méid áirithe neamhspleáchais a áirithiú sa chinneadh faisnéis den sórt sin a mhalartú.

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010
Airteagal 35a – mír 7a (nua)

7a. Tuairisceoidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla, faoin 31 Nollaig 2024, don Choimisiún gach bacainn dhlíthiúil i rialacháin earnála a chuireann cosc orthu ar bhealach ar bith faisnéis a mhalartú leis na húdaráis eile nó le heintitis eile.

Ar bhonn na tuarascála sin agus aird chuí á tabhairt aige ar chosaint ceart maoine intleachtúla, ar na hoibleagáidí maidir le rúndacht ghairmiúil agus ar chosaint sonraí, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun bacainní dlí den sórt sin a bhaint sa reachtaíocht earnálach chun malartú faisnéise idir údaráis agus eintitis eile a chothú faoin 30 Meitheamh 2025.

Or. en

Réasúnú

Mar a luaigh bainistíocht BERS agus ÚMEnna, tá go leor bacainní dlíthiúla fós ann i rialacháin earnála a fhágann nach féidir faisnéis a mhalartú. Dá bhrí sin, ba cheart na bacainní sin a thuairisciú don Choimisiún chun deireadh a chur leo agus cearta maoine intleachtúla, rúndacht ghairmiúil agus cosaint sonraí á n-urramú ag an am céanna.

Leasú 68

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010
Airteagal 35a a (nua)**

4a. cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

Airteagal 35aa

Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú

1. Faoi 31 Nollaig 2026, déanfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis na húdaráis eile, Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú lena n-áireofar:

(a) foclóir um shonraí comhchoiteanna;

(b) stór comhpháirteach le haghaidh ceanglas tuairiscithe agus nochta;

(c) pointe lárnach bailithe sonraí; agus

(d) pointe tuairiscithe aonair d'eintitis chun ceanglais tuairiscithe nó nochta dhúbailte, atá iomarcach nó imithe i léig, a shaináithint.

I ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, beidh meastachán ar an tionchar airgeadais foriomlán ag gabháil le bunú an Chórais Tuairiscithe Chomhtháite Aonair. Cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun na hacmhainní airgeadais, daonna agus TF is gá a áirithiú don bhunú.

(Obair leanúnach atá le breithniú: Tuarascáil COM maidir le 'Foclóirí a chur chun feidhme trí mheaisínfhoghlaim chuidithe', ÚBE 'Staidéar ar Chostas Comhlíonta' nó ÚBE 'Feasibility Study on an integrated reporting system' [Staidéar féidearthachta maidir le córas tuairiscithe comhtháite].)

Or. en

Réasúnú

Ag tógáil ar an obair a rinne an Coimisiún agus na húdaráis maidir le córais tuairiscithe chomhtháite, ba cheart sainordú a thabhairt do na húdaráis chun Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú. Ba cheart a áireamh leis sin foclóir sonraí le haghaidh códú coiteann agus comhthuiscint ar shonraí, stór comhpháirteach lena gcumasaítear forléargas coiteann ar na sonraí a iarradh agus a fuarthas, pointe bailithe sonraí lárnachle haghaidh malartú éifeachtúil sonraí chomh maith le pointe tuairiscithe aonair chun é a chur ar a gcumas d'eintitis tuairisciú agus nochtheadh atá dúbailte, imithe i léig nó iomarcach a shaináithint. Ní mór na himpleachtaí airgeadais a chur san áireamh.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010
Airteagal 36 – mír 2

An téacs atá ann

2. Déanfaidh an tÚdarás, go rialta agus go tráthúil, faisnéis a sholáthar don BERS, ar faisnéis í atá riachtanach chun a chúraimí a chomhlíonadh. Déanfar aon sonraí is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh agus nach bhfuil i bhfoirm achomair nó i bhfoirm chomhiomlán a sholáthar don BERS gan mhoill tar éis iarraidh réasúnaithe a fháil, de réir mar a shonraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010. Déanfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis an mBERS, nósanna imeachta inmheánacha leordhóthanacha a chur i bhfeidhm maidir le tarchur faisnéise rúnda, go háirithe faisnéis i dtaca le rannpháirtithe margaidh airgeadais aonair.

Leasú

4b. in Airteagal 36, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Comhoibreoidh an tÚdarás in éineacht leis an gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC), an Coimisiún, na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus na húdaráis staidrimh náisiúnta go dlúth leis an BERS trí chomhroinnt na faisnéise agus na hanailíse is gá chun a gcúraimí a bhaint amach.

Déanfaidh an tÚdarás in éineacht le BERS agus BCE a n-iarrachtaí a chomhordú chun rioscaí sistéamacha don chobhsaíocht airgeadais a bhrath, chun faireachán a dhéanamh orthu, chun iad a chosc agus a mhaolú.

Comhlíonfaidh an tÚdarás, i gcomhréir le hAirteagal 15(1) go (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, na forálacha a leagtar amach maidir le comhroinnt sonraí.

Déanfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis an mBERS, nósanna imeachta inmheánacha leordhóthanacha a chur i bhfeidhm maidir le tarchur faisnéise rúnda, go háirithe faisnéis i dtaca le rannpháirtithe margaidh airgeadais aonair.'

Or. en

(32010R1095)

Réasúnú

Déantar an tAirteagal a bhaineann leis an gcaidreamh le BERS a oiriúnú chun freastal ar na hathruithe a mholtar in Airteagal 15(1) go (5) i Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010
Airteagal 54 – mír 2 – fleasc 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

— ceanglais tuairiscithe agus bailiú na faisnéise ó rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

Leasú

— ceanglais tuairiscithe agus **nochta agus** bailiú na faisnéise ó rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart comhsheasmhacht trasearnála na gceanglas tuairiscithe agus nochta a áireamh i gcúraimí JC.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010
Airteagal 70 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Ní chuirfidh **míreanna 1 ná 2** cosc ar an Údarás faisnéis a mhalartú **le húdaráis inniúla, ÚMEnna eile, BERS agus** na húdaráis **a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) .../...¹⁶** i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

Leasú

3. Ní chuirfidh **míreanna 1 ná 2** cosc ar an Údarás faisnéis a mhalartú **leis** na húdaráis **eile dá dtagraítear in Airteagal 35a(1b)** — i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

¹⁶ OP: cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad 2021/0250(COD) (togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid – COM/2021/423 final).

Or. en

Réasúnú

Déantar an tagairt d'údaráis eile a oiriúnú chun í a ailíniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás. Déantar an tagairt do mhíreanna eile a oiriúnú chun í a ailíniú leis na forálacha nua dá bhforáiltear.

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 a (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 806/2014

Airteagal 34 a (nua) – mír 34 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 4a

Leasuithe ar Rialachán (AE)

Uimh. 806/2014

Leasaítear Rialachán (AE)

Uimh. 806/2014 mar a leanas:

1. cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

‘Airteagal 34a

Malartú faisnéise idir údaráis agus le heintitis eile

1. Comhroinnfidh an Bord leis na húdaráis eile, ar bhonn cás ar chás nó ar bhonn rialta, faisnéis a fuair siad ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile, nuair atá an t-údarás iarrthach i dteideal an fhaisnéis sin a fháil, de bhun a mhisin, a chuspóirí, a chúraimí agus a chumhachtaí nó i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais.

2. Iarrfaidh an Bord ar na húdaráis eile faisnéis a d'iarrfadh sé ar shlí eile ar institiúidí airgeadais nó ar údaráis inniúla eile, i gcás ina gcomhlíontar an dá cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá sé i dteideal an fhaisnéis sin a fháil, de bhun a mhisin, a chuspóirí, a chúraimí agus a chumhachtaí nó i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais;

(b) go bhfuair ceann amháin ar a laghad de na húdaráis eile an fhaisnéis sin.

Chun a chinneadh an gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear i bpointe (b), bainfidh an Bord úsáid as an gCóras Tuairiscithe Comhtháite Aonair dá dtagraítear in Airteagal 34b, nuair a bhunófar é.

3. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘údaráis eile’ aon cheann de na húdaráis seo a leanas:

(a) na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha;

(b) BERS;

(c) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010;

(d) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010;

(e) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010;

(f) Bunáíodh ÚFA le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a};

(g) údaráis mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1b};

(h) SAM, mar a shainmhínítear i bpointe (9) d’Airteagal 2, de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(i) údaráis réitigh náisiúnta, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 3.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'institiúid airgeadais' 'institiúid airgeadais' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

4. Léireofar go cuí san iarraidh ar mhalartú faisnéise an bunús dlí faoi dhlí an Aontais lena gceadaítear don údarás iarrthach an fhaisnéis a fháil ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile. Beidh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis faoi réir na n-oibleagáidí rúndachta gairmiúla agus cosanta sonraí a leagtar síos in Airteagail 88 agus 89 agus i reachtaíocht earnálach is infheidhme maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás iarrthach, agus maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis. Cuirfidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis gach institiúid airgeadais ábhartha ar an eolas faoin malartú faisnéise sin, ar choinníoll nach ndearnadh an fhaisnéis a anaithnidiú, a mhodhnú, a chomhiomlánú nó a láimhseáil trí aon mhodh eile rialaithe maidir le nochtadh chun faisnéis rúnda a chosaint, gan moill mhíchuí.

5. Beidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 4 freisin maidir le faisnéis arna fáil ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ó institiúid airgeadais nó ó na húdaráis eile agus a mbeidh seiceálacha cáilíochta déanta ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis uirthi ina dhiaidh sin nó a phróiseálfaidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ar shlí eile.

6. Maidir le comhroinnt faisnéise dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 4 agus 5, déanfaidh na húdaráis eile meabhráin tuisceana chun módúlachtaí an

mhalartaithe faisnéise a shonrú. Déanfaidh siad socruithe a shonrú freisin maidir le comhroinnt acmhainní chun sonraí comhroinnte den sórt sin a bhailiú agus a phróiseáil.

7. Beidh míreanna 1 go 6 gan dochar do chosaint ceart maoinne intleachtúla agus ní chuirfidh siad cosc ná srian ar mhalartú faisnéise idir na húdaráis eile i gcomhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais. I gcás ina bhfuil na forálacha san Airteagal seo ar neamhréir le forálacha sa Rialachán seo nó i reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena rialaítear malartú faisnéise idir na húdaráis eile, beidh forlámhas ag na forálacha sa reachtaíocht eile sin.

8. Gan dochar d'oibleagáidí eile a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le comhroinnt faisnéise, féadfaidh an Bord, ar iarraidh a bhfuil údar maith léi a fháil, faisnéis a chomhroinnt ar bhonn cás ar chás leis an gCoimisiún, ar faisnéis í a bheidh tuairiscithe ag institiúidí airgeadais dóibh de bhun a ndualgas faoi dhlí an Aontais, i bhfoirm nach bhféadfar eintitis aonair a shainaithint léi agus nach bhfuil sonraí pearsanta inti.

9. Féadfaidh an Bord rochtain a dheonú ar fhaisnéis arna fáil agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu lena hathúsáid ag institiúidí airgeadais, ag taighdeoirí agus ag eintitis eile a bhfuil leas dlisteanach acu san fhaisnéis sin chun críoch taighde agus nuálaíochta, ar choinníoll go n-áiríteoidh an Bord gur comhlíonadh na nithe uile seo a leanas:

(a) go ndearnadh an fhaisnéis a anaithnidiú, ar bhealach nach féidir an t-ábhar sonraí nó an institiúid airgeadais a shainaithint, nó nach féidir iad a shainaithint a thuilleadh;

(b) go ndearnadh an fhaisnéis a mhodhnú, a chomhiomlánú nó a láimhseáil trí aon mhodh eile rialaithe maidir le nochtadh chun faisnéis rúnda a chosaint, lena n-áirítear rúin trádála nó

inneachar a chumhdaítear le cearta maoine intleachtúla.

Ní dhéanfar faisnéis arna fáil ó údarás eile a chomhroinnt ach amháin le comhaontú an údaráis a fuair an fhaisnéis i dtosach.;

10. Tuairisceoidh an Bord, faoin 31 Nollaig 2024, don Choimisiún gach bacainn dhlíthiúil i rialacháin earnála a chuireann cosc ar an mBord ar bhealach ar bith faisnéis a mhalartú leis na húdaráis eile nó le heintitis eile.

Ar bhonn na tuarascála sin agus aird chuí á tabhairt aige ar chosaint ceart maoine intleachtúla, ar na hoibleagáidí maidir le rúndacht ghairmiúil agus ar chosaint sonraí, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun bacainní dlí den sórt sin a bhaint sa reachtaíocht earnálach chun malartú faisnéise idir údaráis agus eintitis eile a chothú faoin 30 Meitheamh 2025.

Airteagal 34b

Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú

1. Faoin 31 Nollaig 2026, déanfaidh an Bord, i gcomhar leis na húdaráis eile, Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú lena n-áireofar:

(a) foclóir um shonraí comhchoiteanna;

(b) stór comhpháirteach le haghaidh ceanglas tuairiscithe agus nochta;

(c) pointe lárnach bailithe sonraí; agus

(d) pointe tuairiscithe aonair d'eintitis chun ceanglais tuairiscithe nó nochta dhúbailte, atá iomarcach nó imithe i léig, a shaináithint.

2. I ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, beidh meastachán ar an tionchar airgeadais foriomlán ag gabháil le bunú an Chórais Tuairiscithe Chomhtháite Aonair. Cuirfidh an Coimisiún, i gcás

inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun na hacmhainní airgeadais, daonna agus TF is gá a áirithiú don bhunú.

^{1a} OP: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2021/0240(COD) (togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac - COM/2021/421 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

^{1b} OP: cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad 2021/0250(COD) (togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid – COM/2021/423 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.’

(Obair leanúnach atá le breithniú: Tuarascáil COM maidir le ‘Foclóirí a chur chun feidhme trí mheaisínfhoghlaim chuidithe’, ÚBE ‘Staidéar ar Chostas Comhlíonta’ nó ÚBE ‘Feasibility Study on an integrated reporting system’ [Staidéar féidearthachta maidir le córas tuairiscithe comhtháite].)

Or. en

Réasúnú

Ní áirítear i raon feidhme an Rialacháin Leasaithigh seo ach BERS, ÚMENa chomh maith leis na húdaráis inniúla faoi seach sna Ballstáit sa togra ón gCoimisiún. Chun malartú faisnéise a chothú ar fud na hearnála airgeadais ina hiomláine, is gá raon feidhme an Rialacháin Leasaithigh seo a leathnú chun údaráis um sciúradh airgid a chomhrac, údaráis réitigh agus feidhmeanna maoirseachta na mbanc ceannais a áireamh freisin.

Leasú 73

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 b (nua) – mír 1 – pointe 1**

Airteagal 4b

***Leasuithe ar Rialachán (AE)
Uimh. 1024/2013 ón gComhairle***

***Leasaítear Rialachán (AE)
Uimh. 1024/2013 ón gComhairle mar a
leanas:***

***1. cuirtear isteach na hAirteagail seo a
leanas:***

‘Airteagal 10a

***Malartú faisnéise idir údaráis agus le
heintitis eile***

***1. Comhroinnfidh BCE leis na húdaráis
eile, ar bhonn cás ar chás nó ar bhonn
rialta, faisnéis a fuair siad ó institiúidí
airgeadais nó ó údaráis inniúla eile, nuair
atá an t-údarás iarrthach i dteideal an
fhaisnéis sin a fháil, de bhun a mhisin, a
chuspóirí, a chúraimí agus a
chumhachtaí nó i gcomhréir le dlí
ábhartha an Aontais.***

***2. Iarrfaidh BCE ar na húdaráis eile
faisnéis a d'iarrfadh sé ar shlí eile ar
institiúidí airgeadais nó ar údaráis
inniúla eile, nuair a chomhlíontar an dá
cheann de na coinníollacha seo a leanas:***

***(a) tá sé i dteideal an fhaisnéis sin a fháil,
de bhun a mhisin, a chuspóirí, a chúraimí
agus a chumhachtaí nó i gcomhréir le dlí
ábhartha an Aontais;***

***(b) go bhfuair ceann amháin ar a laghad
de na húdaráis eile an fhaisnéis sin.***

***Chun a chinneadh an gcomhlíontar an
coinníoll dá dtagraítear i bpointe (b),
bainfidh BCE úsáid as an gCóras
Tuairiscithe Comhtháite Aonair dá
dtagraítear in Airteagal 10b, nuair a
bhunófar é.***

***3. Chun críoche an Airteagail seo,
ciallaíonn ‘údaráis eile’ aon cheann de***

na húdaráis seo a leanas:

(a) na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha;

(b) BERS;

(c) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010;

(d) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010;

(e) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010;

(f) Bunaíodh ÚFA le Rialachán (AE) ../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a};

(g) údaráis mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) ../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1b};

(h) údaráis náisiúnta inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(i) BRA;

(j) údaráis réitigh náisiúnta, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 3, de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘institiúid airgeadais’ ‘institiúid airgeadais’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

4. Léireofar go cuí san iarraidh ar mhalartú faisnéise an bunús dlí faoi dhlí an Aontais lena gceadaítear don údarás iarrthach an fhaisnéis a fháil ó institiúidí airgeadais nó ó údaráis inniúla eile. Beidh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis faoi réir na n-oibleagáidí rúndachta gairmiúla a leagtar síos in Airteagal 27

agus cosanta sonraí i reachtaíocht earnála is infheidhme maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás iarrthach, agus maidir le sonraí a chomhroinnt idir an institiúid airgeadais agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis. Cuirfidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis gach institiúid airgeadais ábhartha ar an eolas faoin malartú faisnéise sin, ar choinníoll nach ndearnadh an fhaisnéis a anaithnidiú, a mhodhnú, a chomhiomlánú nó a láimhseáil trí aon mhodh eile rialaithe maidir le nochtadh chun faisnéis rúnda a chosaint, gan moill mhíchuí.

5. Beidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 4 freisin maidir le faisnéis arna fáil ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ó institiúid airgeadais nó ó na húdaráis eile agus a mbeidh seiceálacha cáilíochta déanta ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis uirthi ina dhiaidh sin nó a phróiseálfaidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ar shlí eile.

6. Maidir le comhroinnt faisnéise dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 4 agus 5, déanfaidh na húdaráis eile meabhráin tuisceana chun módúlachtaí an mhalartaithe faisnéise a shonrú. Déanfaidh siad socruithe a shonrú freisin maidir le comhroinnt acmhainní chun sonraí comhroinnte den sórt sin a bhailiú agus a phróiseáil.

7. Beidh míreanna 1 go 6 gan dochar do chosaint ceart maoine intleachtúla agus ní chuirfidh siad cosc ná srian ar mhalartú faisnéise idir na húdaráis eile i gcomhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais. I gcás ina bhfuil na forálacha san Airteagal seo ar neamhréir le forálacha sa Rialachán seo nó i reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena rialaítear malartú faisnéise idir na húdaráis eile, beidh forlámhas ag na forálacha sa reachtaíocht eile sin.

8. Gan dochar d'oibleagáidí eile a leagtar

síos i ndlí an Aontais maidir le comhroinnt faisnéise, féadfaidh BCE, ar iarraidh a bhfuil údar maith léi a fháil, faisnéis a chomhroinnt ar bhonn cás ar chás leis an gCoimisiún, ar faisnéis í a bheidh tuairiscithe ag institiúidí airgeadais dóibh de bhun a ndualgas faoi dhlí an Aontais, i bhfoirm nach bhféadfar eintitis aonair a shainaithint léi agus nach bhfuil sonraí pearsanta inti.

9. Féadfaidh BCE rochtain a dheonú ar fhaisnéis arna fáil agus a dhualgais á gcomhlíonadh aige lena hathúsáid ag institiúidí airgeadais, ag taighdeoirí agus ag eintitis eile a bhfuil leas dlisteanach acu san fhaisnéis sin chun críoch taighde agus nuálaíochta, ar choinníoll go n-áiritheoidh BCE gur comhlíonadh na nithe uile seo a leanas:

(a) go ndearnadh an fhaisnéis a anaithnidiú, ar bhealach nach féidir an t-ábhar sonraí nó an institiúid airgeadais a shainaithint, nó nach féidir iad a shainaithint a thuilleadh;

(b) go ndearnadh an fhaisnéis a mhodhnú, a chomhiomlánú nó a láimhseáil trí aon mhodh eile rialaithe maidir le nochtadh chun faisnéis rúnda a chosaint, lena n-áirítear rúin trádála nó inneachar a chumhdaítear le cearta maoine intleachtúla.

Ní dhéanfar faisnéis arna fáil ó údarás eile a chomhroinnt ach amháin le comhaontú an údaráis a fuair an fhaisnéis i dtosach.;

10. Tuairisceoidh BCE, faoin 31 Nollaig 2024, don Choimisiún gach bacainn dhlíthiúil i rialacháin earnála a chuireann cosc air ar bhealach ar bith faisnéis a mhalartú leis na húdaráis eile nó le heintitis eile.

Ar bhonn na tuarascála sin agus aird chuí á tabhairt aige ar chosaint ceart maoine intleachtúla, ar na hoibleagáidí maidir le rúndacht ghairmiúil agus ar chosaint sonraí, déanfaidh an Coimisiún,

i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun bacainní dlí den sórt sin a bhaint sa reachtaíocht earnálach chun malartú faisnéise idir údaráis agus eintitis eile a chothú faoin 30 Meitheamh 2025.

Airteagal 10b

Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú

1. Faoin 31 Nollaig 2026, déanfaidh BCE, i gcomhar leis na húdaráis eile, Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú lena n-áireofar:

- (a) foclóir um shonraí comhchoiteanna;***
- (b) stór comhpháirteach le haghaidh ceanglas tuairiscithe agus nochta;***
- (c) pointe lárnach bailithe sonraí; agus***
- (d) pointe tuairiscithe aonair d'eintitis chun ceanglais tuairiscithe nó nochta dhúbailte, atá iomarcach nó imithe i léig, a shaináithint.***

2. I ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, beidh meastachán ar an tionchar airgeadais foriomlán ag gabháil le bunú an Chórais Tuairiscithe Chomhtháite Aonair. Cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun na hacmhainní airgeadais, daonna agus TF is gá a áirithiú don bhunú.'

^{1a} OP: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2021/0240(COD) (togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac - COM/2021/421 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

1b OP: cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad (2021/0250(COD) (togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/423 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

(Obair leanúnach atá le breithniú: Tuarascáil COM maidir le ‘Foclóirí a chur chun feidhme trí mheaisínfhoghlaim chuidithe’, ÚBE ‘Staidéar ar Chostas Comhlíonta’ nó ÚBE ‘Feasibility Study on an integrated reporting system’ [Staidéar féidearthachta maidir le córas tuairiscithe comhtháite].)

Or. en

Réasúnú

Ní áirítear i raon feidhme an Rialacháin Leasaithigh seo ach BERS, ÚMEnna chomh maith leis na húdaráis inniúla faoi seach sna Ballstáit sa togra ón gCoimisiún. Chun malartú faisnéise a chothú ar fud na hearnála airgeadais ina hiomláine, is gá raon feidhme an Rialacháin Leasaithigh seo a leathnú chun údaráis um sciúradh airgid a chomhrac, údaráis réitigh agus feidhmeanna maoirseachta na mbanc ceannais a áireamh freisin.

Leasú 74

Airteagal 4 c (nua) – mír 1 – pointe 1

Togra le haghaidh Rialachán (AE) .../... lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid

Airteagal 10 – mír 2 – pointe d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 4c

Leasuithe ar Rialachán (AE) .../... lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid

Rialachán (AE) .../...^{1a} leasaítear é mar seo a leanas:

1. cuirtear an pointe (d) a leanas le hAirteagal 10(2):

‘(d) athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúla ábhartha rialála agus cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún, agus ar chur i bhfeidhm na dtreoirilínte agus na

moltaí arna n-eisiúint ag an Údarás, agus leasuithe a mholadh i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear leasuithe chun ceanglais tuairiscithe agus nochta atá díréireach, iomarcach nó atá imithe i léig a bhaint agus chun costais a íoslaghdú.

1^a OP: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2021/0240(COD) (togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac - COM/2021/421 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.'

Or. en

Réasúnú

Ba cheart cúnamh frithpháirteach i gcóras maoirseachta AML/CFT ag an Údarás a leathnú chun go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar cheanglais tuairiscithe agus nochta atá neamhréireach, iomarcach nó imithe i léig agus costais a íoslaghdú.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 c (nua) – mír 1 – pointe 2

Togra le haghaidh Rialachán (AE) .../... lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid

Airteagal 16 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. in Airteagal 16, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3a. Sula n-iarrfaidh an tÚdarás faisnéis i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus chun dúbailt ar na hoibleagáidí tuairiscithe agus nochta a sheachaint, cuirfidh sé san áireamh faisnéis arna bailiú ag na húdaráis eile dá dtagraítear in Airteagal 16a(1b) agus aon staidreamh ábhartha atá ann cheana féin, arna ullmhú agus arna scaipeadh ag an gCóras Eorpach um Staidreamh agus ag

Réasúnú

Cuirtear an fhoráil sin leis an rialachán ÚFA chun dúbailt na gceanglas tuairiscithe agus nochta i bhforálacha AML a laghdú freisin. Déantar an tagairt d’údaráis eile a oiriúnú chun í a ailiniú le raon feidhme méadaithe na n-údarás.

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 c (nua) – mír 1 – pointe 3

Togra le haghaidh Rialachán (AE) .../... lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid

Airteagal 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3. cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 16a

Malartú faisnéise idir údaráis agus le heintitis eile

1. Comhroinnfidh an tÚdarás agus na húdaráis mhaoirseachta leis na húdaráis eile, ar bhonn cás ar chás nó ar bhonn rialta, faisnéis arna fáil acu ó eintiteas faoi oibleagáid nó ó údaráis inniúla eile, nuair atá an t-údarás iarrthach i dteideal an fhaisnéis sin a fháil, de bhun a mhisin, a chuspóirí, a chúraimí agus a chumhachtaí nó i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais.

2. Beidh an tÚdarás agus na húdaráis mhaoirseachta araon in ann faisnéis a iarraidh ar na húdaráis eile a d’iarrfaidís ar shlí eile ar eintitis faoi oibleagáid nó ar údaráis inniúla eile, i gcás ina gcomhlíontar an dá cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá siad i dteideal an fhaisnéis sin a

fháil, de bhun a misin, a gcuspóirí, a gcúraimí agus a gcumhachtaí nó i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais;

(b) go bhfuair ceann amháin ar a laghad de na húdaráis eile an fhaisnéis sin.

Chun a chinneadh an gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear i bpointe (b), bainfidh an tÚdarás agus na húdaráis mhaoirseachta úsáid as an gCóras Tuairiscithe Comhtháite Aonair dá dtagraítear in Airteagal 16b, nuair a bhunófar é.

3. Chun críocha an Airteagail seo agus Airteagal 16(4), ciallaíonn ‘údaráis eile’ aon cheann de na húdaráis seo a leanas:

(a) na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha;

(b) BERS;

(c) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010;

(d) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010;

(e) údaráis inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010;

(f) údaráis, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) ../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{16f};

(g) údaráis náisiúnta inniúla, mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(h) BRA;

(i) údaráis réitigh náisiúnta, mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 3, de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘institiúid airgeadais’ ‘institiúid airgeadais’ mar a

shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

4. Léireofar go cuí san iarraidh ar mhalartú faisnéise an bunús dlí faoi dhlí an Aontais lena gceadaítear don údarás iarrthach an fhaisnéis a fháil ó eintitis faoi oibleagáid nó ó údaráis inniúla eile. Beidh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis faoi réir na n-oibleagáidí rúndachta gairmiúla agus cosanta sonraí a leagtar síos in Airteagail 75 agus 84 agus i reachtaíocht earnála is infheidhme maidir le sonraí a chomhroinnt idir an t-eintiteas faoi oibleagáid agus an t-údarás iarrthach, agus maidir le sonraí a chomhroinnt idir an t-eintiteas faoi oibleagáid agus an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis. Cuirfidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis gach eintiteas faoi oibleagáid ábhartha ar an eolas faoin malartú faisnéise sin, ar choinníoll nach ndearnadh an fhaisnéis a anaithnidiú, a mhodhnú, a chomhiomlánú nó a láimhseáil trí aon mhodh eile rialaithe maidir le nochtadh chun faisnéis rúnda a chosaint, gan moill mhíchuí.

5. Beidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 4 freisin maidir le faisnéis arna fáil ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ó eintiteas faoi oibleagáid nó ó na húdaráis eile agus a mbeidh seiceálacha cáilíochta déanta ag an údarás a chomhroinneann an fhaisnéis uirthi ina dhiaidh sin nó a phróiseálfaidh an t-údarás a chomhroinneann an fhaisnéis ar shlí eile.

6. Maidir le comhroinnt faisnéise dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 4 agus 5, déanfaidh na húdaráis eile meabhráin tuisceana chun módúlachtaí an mhalartaithe faisnéise a shonrú. Déanfaidh siad socruithe a shonrú freisin maidir le comhroinnt acmhainní chun sonraí comhroinnte den sórt sin a bhailiú agus a phróiseáil.

7. Beidh míreanna 1 go 6 gan dochar do

chosaint ceart maoine intleachtúla agus ní chuirfidh siad cosc ná srian ar mhalartú faisnéise idir na húdaráis eile i gcomhréir le forálacha i reachtaíocht eile de chuid an Aontais. I gcás ina bhfuil na forálacha san Airteagal seo ar neamhréir le forálacha sa Rialachán seo nó i reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena rialaítear malartú faisnéise idir na húdaráis eile, beidh forlámhas ag na forálacha sa reachtaíocht eile sin.

8. Gan dochar d'oibleagáidí eile a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le comhroinnt faisnéise, féadfaidh an tÚdarás agus na húdaráis mhaoirseachta, ar iarraidh a bhfuil údar maith léi a fháil, faisnéis a chomhroinnt ar bhonn cás ar chás leis an gCoimisiún, ar faisnéis í a bheidh tuairiscithe ag eintiteas faoi oibleagáid dóibh de bhun a ndualgas faoi dhlí an Aontais, i bhfoirm nach bhféadfar eintitis aonair a shainathint léi agus nach bhfuil sonraí pearsanta inti.

9. Féadfaidh an tÚdarás agus na húdaráis mhaoirseachta rochtain a dheonú ar fhaisnéis arna fáil agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu lena hathúsáid ag eintitis faoi oibleagáid, ag taighdeoirí agus ag eintitis eile a bhfuil leas dlisteanach acu san fhaisnéis sin chun críoch taighde agus nuálaíochta, ar choinníoll go n-áiríteoidh an tÚdarás nó na húdaráis mhaoirseachta gur comhlíonadh na nithe uile seo a leanas:

(a) go ndearnadh an fhaisnéis a anaithnidiú, ar bhealach nach féidir an t-ábhar sonraí nó an eintiteas faoi oibleagáid a shainathint, nó nach féidir iad a shainathint a thuilleadh;

(b) go ndearnadh an fhaisnéis a mhodhnú, a chomhiomlánú nó a láimhseáil trí aon mhodh eile rialaithe maidir le nochtadh chun faisnéis rúnda a chosaint, lena n-áirítear rúin trádála nó inneachar a chumhdaítear le cearta maoine intleachtúla.

Ní dhéanfar faisnéis arna fáil ó údarás eile a chomhroinnt ach amháin le comhaontú an údaráis a fuair an fhaisnéis i dtosach.;

10. Tuairisceoidh an tÚdarás agus na húdaráis mhaoirseachta, faoin 31 Nollaig 2024, don Choimisiún gach bacainn dhlíthiúil i rialacháin earnála a chuireann cosc orthu ar bhealach ar bith faisnéis a mhalartú leis na húdaráis eile nó le heintitis eile.

Ar bhonn na tuarascála sin agus aird chuí á tabhairt aige ar chosaint ceart maoine intleachtúla, ar na hoibleagáidí maidir le rúndacht ghairmiúil agus ar chosaint sonraí, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun bacainní dlí den sórt sin a bhaint sa reachtaíocht earnálach chun malartú faisnéise idir údaráis agus eintitis eile a chothú faoin 30 Meitheamh 2025.'

1^a OP: cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad (2021/0250(COD)) (togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/423 final) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

Or. en

Réasúinú

Ní áirítear i raon feidhme an Rialacháin Leasaithe seo ach BERS, ÚMEnna chomh maith leis na húdaráis inniúla faoi seach sna Ballstáit sa togra ón gCoimisiún. Chun malartú faisnéise a chothú ar fud na hearnála airgeadais ina hiomláine, is gá raon feidhme an Rialacháin Leasaithe seo a leathnú chun údaráis um sciúradh airgid a chomhrac, údaráis réitigh agus feidhmeanna maoirseachta na mbanc ceannais a áireamh freisin.

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 c (nua) – mír 1 – pointe 4

Togra le haghaidh Rialachán (AE) .../... lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh

4. cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 16b

Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú

1. Faoi 31 Nollaig 2026, déanfaidh an tÚdarás agus na húdaráis mhaoirseachta, i gcomhar leis na húdaráis eile, Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú lena n-áireofar:

(a) foclóir um shonraí comhchoiteanna;

(b) stór comhpháirteach le haghaidh ceanglas tuairiscithe agus nochta;

(c) pointe lárnach bailithe sonraí; agus

(d) pointe tuairiscithe aonair d’eintitis chun ceanglais tuairiscithe nó nochta dhúbailte, atá iomarcach nó imithe i léig, a shaináithint.

2. I ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, beidh meastachán ar an tionchar airgeadais foriomlán ag gabháil le bunú an Chórais Tuairiscithe Chomhtháite Aonair. Cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun na hacmhainní airgeadais, daonna agus TF is gá a áirithiú don bhunú.’

Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 c (nua) – mír 1 – pointe 5

Togra le haghaidh Rialachán (AE) .../... lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh

5. in Airteagal 44(1), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘Ní bheidh tuairimí an Údaráis teoranta do nósanna imeachta reachtacha leanúnacha. Féadfaidh an tÚdarás freisin leasuithe ar ghníomhartha reachtacha atá i bhfeidhm a mholadh ina thuairimí, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear leasuithe:

(a) deireadh a chur le ceanglais tuairiscithe agus nochta atá iomarcach nó imithe i léig i ndáil le dlí an Aontais nó le trasuí náisiúnta dhlí an Aontais ag na Ballstáit;

(b) ceanglais chomhsheasmhacha tuairiscithe agus nochta a áirithiú ar fud reachtaíocht earnáilsonrach, chomh maith le reachtaíocht trasearnála;

(c) maidir le leordhóthanacht mhéid na comhréireachta sna ceanglais tuairiscithe agus nochta i ndáil le cineál, méid agus castacht an eintitis tuairiscithe.’

Or. en

(52021PC0421)

Réasúnú

Chun laghdú ar cheanglais tuairiscithe agus nochta iomarcacha nó ceanglais tuairiscithe agus nochta atá imithe i léig a chothú, ba cheart don Údarás tuairimí a sholáthar ní hamháin maidir leis na nósanna imeachta reachtacha atá ar siúl faoi láthair, ach freisin maidir leis na nósanna imeachta reachtacha a tugadh chun críche. D’fhéadfadh na tuairimí sin ionchur a sholáthar maidir le laghdú féideartha neamhréireachtaí ingearacha sna ceanglais tuairiscithe agus nochta (‘rórialáil’), maidir le neamhréireachtaí cothrománacha ar fud reachtaíocht earnáilsonrach chomh maith le reachtaíocht trasearnála, chomh maith le leordhóthanacht mhéid na comhréireachta.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún Eorpach maidir le Laghdú Tuairiscithe agus Comhroinnt Sonraí, lena leasaítear BERS, ÚMEnna agus rialacháin InvestEU, agus é mar chuspóir aige oibleagáidí tuairiscithe agus maorlathas a laghdú, a chuíchóiriú agus a shimpliú gan na cuspóirí beartais gaolmhara a chur i mbaol. Leis an athbhreithniú tábhachtach seo maidir le rómhaorlathas a laghdú san earnáil airgeadais agus i gcomhthéacs InvestEU, tugtar deis chun a léiriú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí araon go bhfuil an tAontas Eorpach ag obair i gcónaí chun maorlathas neamhriachtanach agus dúbailt neamhéifeachtúil na gceanglas tuairiscithe agus nochta a laghdú.

Dar leis an Rapóirtéir, bhí sé ríthábhachtach a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach, ar BERS agus ar ÚMEnna a dtuairimí a roinnt maidir leis an bPacáiste um Laghdú Tuairiscithe agus Comhroinnt Sonraí le linn an chéad Chruinnithe de chuid na Scáth-Rapóirtéirí a tionóladh an 5 Nollaig 2023. Rinneadh a dtuairimí, a moltaí agus a meabhraíochtaí a bhreithniú go cuí i nDréacht-Tuarascáil an Rapóirtéara.

Cé go dtéann an togra ón gCoimisiún Eorpach sa treo ceart, tá an Rapóirtéir suite de go bhfuil gá le tuilleadh athruithe chun feabhas suntasach a chur ar thionchar na n-éifeachtaí beartaithe ar an earnáil airgeadais ina hiomláine. I bhfianaise an mhéid sin, molann an Rapóirtéir na leasuithe seo a leanas:

- **An raon feidhme a leathnú chuig an earnáil airgeadais ina hiomláine**

Chun malartú faisnéise a chothú ar fud na hearnála airgeadais ar fad, tá an Rapóirtéir den tuairim gur cheart raon feidhme an rialacháin leasaithigh omnibus seo a mhéadú. Cé go molann an Coimisiún Eorpach gan ach rialacháin BERS agus ÚMEnna a leasú, molann an Rapóirtéir údarás um an sciúradh airgid a chomhrac, údarás réitigh agus feidhmeanna maoirseachta na mbanc ceannais a ghabháil freisin. Dá bhrí sin, tá leasuithe comhchosúla beartaithe chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 chomh maith leis an Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac.

- **Prionsabal ‘tuairisciú uair amháin’ a thabhairt isteach mar réamhshocrú**

Ar fud na hearnála airgeadais san Aontas, is minic a cheanglaítear ar eintitis faisnéis atá comhchosúil nó fiú comhionann a thuairisciú do mhaoirseoirí éagsúla, ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais, nó do mhaoirseoirí éagsúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fho-earnálacha éagsúla. Dá bhrí sin, tá an Rapóirtéir den tuairim gur cheart ‘prionsabal an tuairiscithe uair amháin’ a fhorfheidhmiú ar bhealach níos comhsheasmhaí san Aontas. Cé nach ndéantar foráil sa togra ón gCoimisiún Eorpach maidir le malartú faisnéise idir údarás ach ‘arna iarraidh sin’ ó údarás eile, molann an Rapóirtéir nár cheart do na húdarás faisnéis a iarraidh ach ar eintitis, mura bhfuil an fhaisnéis sin tuairiscithe acu cheana féin d’údarás eile. Má tuairiscíodh faisnéis d’údarás cheana féin, ba cheart d’údarás eile a bheith in ann an fhaisnéis sin a iarraidh go díreach ar an údarás sin, lena gcuirfí deireadh le ‘tuairisciú dúbailte’, mar a thugtar air.

- **‘Rórialáil’, neamhréireachtaí trasearnála a sheachaint agus comhréireacht a áirithiú**

Ní bheidh ach tionchar teoranta ag an malartú faisnéise idir údarás atá freagrach as

maoirseacht a dhéanamh san earnáil airgeadais maidir le laghdú a dhéanamh ar ‘rórialáil’, neamhréireachtaí trasearnála agus feabhas a chur ar an méid comhréireachta sa tuairisciú. Cé go molann an Coimisiún Eorpach gur cheart do ÚMEnna athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta leibhéal II ina leith sin, molann an Rapóirtéir sainordú níos leithne. I ndáil leis sin, ba cheart do na húdaráis atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh san earnáil airgeadais tuairimí a thabhairt ní hamháin maidir le nósanna imeachta reachtacha atá fós ar siúl, ach maidir le nósanna imeachta reachtacha arna dtabhairt i gcrích ar leibhéal I freisin. D’fhéadfadh na tuairimí sin ionchur a sholáthar maidir le laghdú féideartha na neamhréireachtaí ingearacha sin sna ceanglais tuairiscithe agus nochta (‘rórialáil’), neamhréireachtaí cothrománacha ar fud reachtaíocht earnáilsonrach agus thrasearnála, chomh maith le leordhóthanacht mhéid na comhréireachta.

- **Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú**

Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na ÚMEnna maidir le féachaint an bhféadfaí córais tuairiscithe chomhtháite a bhunú³. Tá gá le córais tuairiscithe nuálacha den sórt sin chun tairbhe a bhaint as tuilleadh comhroinnte sonraí idir na húdaráis atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh san earnáil airgeadais. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an sainordú in Airteagal 430 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tugann an Rapóirtéir sainordú do na húdaráis faoi seach san Aontas chun Córas Tuairiscithe Comhtháite Aonair a bhunú faoin 31 Nollaig 2026. Ba cheart go n-áireofaí sa chóras sin foclóir um shonraí comhchoiteanna le haghaidh códú agus tuiscint ar shonraí, stór comhpháirteach lena gcumasaítear forléargas coiteann ar na sonraí a iarradh agus a fuarthas, pointe bailithe sonraí lárnach le haghaidh malartú éifeachtúil sonraí chomh maith le pointe tuairiscithe aonair chun é a chur ar a gcumas d’eintitis ceanglais tuairiscithe agus nochta atá dúbailte, imithe i léig nó iomarcach a shainaitint.

- **Deireadh a chur le bacainní dlíthiúla ar mhalartú sonraí**

Mar a luaigh BERS agus ÚMEnna, tá bacainní dlíthiúla éagsúla fós ann i rialacháin earnála a fhágann nach féidir leis na húdaráis sin faisnéis a mhalartú. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir sainordú a chur san áireamh do na húdaráis uile atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh san earnáil airgeadais chun na bacainní dlíthiúla sin a thuairisciú don Choimisiún Eorpach faoin 31 Nollaig 2024. Ba cheart don Choimisiún Eorpach, faoin 30 Meitheamh 2025, togra reachtach a mholadh chun deireadh a chur leis na bacainní dlíthiúla agus cearta maoine intleachtúla, rúndacht ghairmiúil agus cosaint sonraí á n-urramú ag an am céanna.

³ Féach mar shampla ceardlann an Choimisiúin Eorpaigh maidir le comhroinnt sonraí idir údaráis i seirbhísí airgeadais an Aontais (https://finance.ec.europa.eu/events/data-sharing-between-authorities-eu-financial-services-2023-02-16_en), an tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach maidir le foclóirí a chur chun feidhme trí mheaisínfhoghlaim chuidithe (https://finance.ec.europa.eu/publications/commission-published-final-report-implementing-dictionaries-regulatory-concepts-and-reporting_en) agus staidéar féidearthachta ÚBE ar chóras tuairiscithe comhtháite (https://www.eba.europa.eu/sites/default/files/document_library/Publications/Reports/2021/Integrated-reporting/1025496/EBA-Final-report-on-Feasibility-study-of-the-integrated-reporting-system.pdf)